Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024**
**(OR. fr)**

**10687/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0139(NLE)**

**PECHE 219**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 237 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 237 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2024) 237 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2024
COM(2024) 237 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach Phrótacal (2024-2029) Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

## IARSCRÍBHINN

**PRÓTACAL (2024-2029) maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde**

*Airteagal 1*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 2 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta).

Beidh feidhm freisin ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) an tAontas Eorpach, ar a dtugtaí an Comhphobal Eorpach roimhe seo: dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta;

(b) Poblacht Cabo Verde: dá ngairtear 'Cabo Verde' anseo feasta;

dá ngairtear na 'Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta;

(c) Ciallaíonn 'limistéar iascaireachta Cabo Verde' uiscí Cabo Verde a bhféadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais rochtain a fháil orthu chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh iontu;

(d) Ciallaíonn 'gabhálacha' speicis uisceacha mhuirí a ghabhtar le trealamh iascaireachta a úsáideann soitheach iascaireachta;

(e) Ciallaíonn 'tabhairt i dtír' aon chainníocht táirgí iascaigh a dhíluchtú ar tír ó shoitheach iascaireachta;

(f) Ciallaíonn 'toscaireacht' toscaireacht an Aontais Eorpaigh in Cabo Verde;

(g) Ciallaíonn 'ceadúnas iascaireachta' an teidlíocht nó an ceadúnas chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh, i gcás speicis áirithe, le trealamh iascaireachta áirithe, laistigh de limistéir shonraithe iascaireachta agus le linn tréimhse shonrach; is ionann é agus an téarma 'údarú iascaireachta' i ndlí an Aontais;

(h) Ciallaíonn 'iascaireacht inbhuanaithe' an iascaireacht atá i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos leis an gCód Iompair le haghaidh Iascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) in 1995;

(i) Ciallaíonn'soitheach de chuid an Aontais' soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit den Aontas ar foluain aige agus atá cláraithe san Aontas;

(j) Ciallaíonn 'iascaire' aon duine atá fostaithe nó atá ag gabháil do ghníomhaíocht ghairmiúil in aon cháil ar bord soithigh iascaireachta, lena n-áirítear daoine atá ag obair ar bord mar scair-iascairí, cé is moite de phíolótaí, de chriúnna cabhlaigh cogaidh, de dhaoine eile i mbuanseirbhís an rialtais, de dhaoine ar talamh atá freagrach as obair a dhéanamh ar bord soithigh iascaireachta agus de bhreathnóirí iascaigh. Tuigfear gur iascairí de réir bhrí an tsainmhínithe seo maraithe ACC mar atá sainmhínithe sa Chomhaontú;

(k) ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbhaíonn gnóthas ar bith atá ag tabhairt faoi cheann ar bith de na gníomhaíochtaí a bhaineann le céim ar bith de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaíochta, dáilte agus miondíola ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

(l) Ciallaíonn 'Prótacal' an Prótacal seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, chomh maith leis an Iarscríbhinn agus na Foscríbhinní a ghabhann leis;

(m) Ciallaíonn 'imthosca neamhghnácha' imthosca seachas feiniméin nádúrtha nach bhfuil neart réasúnach ag ceann de na Páirtithe orthu agus ar imthosca iad de chineál a choiscfeadh gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí Cabo Verde.

(n) Ciallaíonn 'deiseanna iascaireachta' teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta a léirítear i dtéarmaí gabhálacha nó líon na soithí;

(o) ciallaíonn 'soitheach tacaíochta' aon soitheach de chuid an Aontais seachas árthaigh a iompraítear ar bord, lena n-éascaítear oibríochtaí iascaireachta, lena gcuidítear leo nó lena n-ullmhaítear dóibh, nach bhfuil feistithe chun éisc a ghabháil agus nach n-úsáidtear le haghaidh oibríochtaí trasloingsithe;

(p) Ciallaíonn 'táirgí iascaigh' na horgánaigh uisceacha a eascraíonn as gníomhaíocht iascaireachta;

(q) Ciallaíonn 'táirgí dobharshaothraithe' orgánaigh uisceacha a eascraíonn as gníomhaíocht dobharshaothraithe, beag beann ar chéim a saolré, nó táirgí a dtagann astu;

(r) Ciallaíonn'earnáil an iascaigh' an earnáil eacnamaíoch lena gcumhdaítear gach gníomhaíocht táirgthe, phróiseála agus mhargaíochta a bhaineann le táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe.

*Airteagal 2*
*Prionsabail*

1. Geallann na Páirtithe iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn i limistéar iascaireachta Cabo Verde ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe. Geallann Cabo Verde na bearta teicniúla agus caomhnúcháin céanna a chur i bhfeidhm maidir le gach cabhlach tuinníní tionsclaíoch a oibríonn ina limistéar iascaireachta d'fhonn cur le rialachas cuí iascaigh.

2. Geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Cabo Verde[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[2], (dá ngairtear 'Comhaontú Shamó' anseo feasta), maidir le heilimintí bunriachtanacha a bhaineann le cearta an duine, prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta, agus an eilimint bhunúsach a bhaineann le dea-rialachas, forbairt inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe agus fónta an chomhshaoil.

3. Níor cheart téarmaí agus coinníollacha fostaíochta iascairí ar bord shoithí de chuid an Aontais a bheith contrártha do na hionstraimí is infheidhme maidir le hiascairí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), go háirithe Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair (1998), arna leasú in 2022, agus Coinbhinsiún Uimh. 188 ó EIS maidir le hObair san Iascaireacht.. Áirítear leis sin urraim don tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach do cheart na n-oibrithe chun cómhargála, deireadh a chur

[1] IO AE L 414, 30.12.2006, lch. 3.; I Sraith Uimh. 12 'B.O.' de Phoblacht Cabo Verde, an 26 Márta 2007.
[2] IO AE L 2862, 28.12.2023, lch. 10.

le saothar éigeantais agus saothar leanaí, deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha, chomh maith le timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil agus dálaí cuibhiúla maireachtála agus oibre ar bord shoithí iascaireachta de chuid an Aontais.

4. Gabhann na Páirtithe orthu féin daingniú choinbhinsiúin EIS agus IMO is infheidhme maidir le hiascairí a chur chun cinn. Geallann siad freisin oiliúint leordhóthanach a chur chun cinn d'iascairí, go háirithe an oiliúint dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta IMO maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW-F).

5. Geallann na Páirtithe faisnéis a chur ar fáil go poiblí agus a mhalartú maidir le haon chomhaontú lena dtugtar rochtain do shoithí eachtracha ar an limistéar iascaireachta agus maidir leis an iarracht iascaireachta a eascraíonn as sin, go háirithe líon na gceadúnas a eisíodh agus na gabhálacha a rinneadh, gan dochar d'Airteagal 14.

6. De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú, ní fhéadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta Cabo Verde ach amháin má tá údarú iascaireachta bailí acu arna eisiúint ag Cabo Verde faoin bPrótacal seo.

7. Áiritheoidh údaráis Cabo Verde go mbeidh cearta eisiacha ag iascairí Cabo Verde ar na limistéir iascaireachta atá faoi bhun na dteorainneacha a leagtar síos sa Phrótacal seo.

*Airteagal 3*
*Tréimhse cur i bhfeidhm*

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo agus ag an Iarscríbhinn a ghabhann leis ar feadh tréimhse 5 bliana ón gcéad lá den chur i bhfeidhm sealadach i gcomhréir le hAirteagal 17, mura dtabharfar fógra foirceanta i gcomhréir le hAirteagal 16.

*Airteagal 4*
*Deiseanna iascaireachta*

1. Eiseoidh Cabo Verde údaruithe iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

   (a) báid saighne tuinníní ina bhfuil saoráidí reoiteora: 24 shoitheach;

   (b) soithí tuinníní cleithe agus dorú: 10 soitheach;

   (c) báid spiléireachta dromchla; 22 shoitheach.

Baineann na deiseanna iascaireachta sin le hiascaireacht a dhéanamh ar speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo agus cé is moite de speicis atá faoi chosaint nó faoi thoirmeasc faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CITAC) nó faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile.

2. I gcomhréir le moltaí CITAC, geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad le chéile chun gabhálacha de thaisme d'éin mhara, de thurtair mhara, de shiorcanna agus de mhamaigh mhuirí atá faoi chosaint a laghdú. Chuige sin, áiritheoidh soithí an Aontais go gcuirfear bearta teicniúla arna gcruthú go heolaíoch i bhfeidhm chun

feabhas a chur ar roghnaíocht na dtrealamh iascaireachta agus chun gabhálach theagmhasach a laghdú maidir le speicis nach speicis spriocspeicis iad.

3. Ceadófar rochtain ar bhaoite beo do shoithí tuinníní cleithe agus dorú an Aontais, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta.

4. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagail 7 agus 9.

*Airteagal 5*
*Ranníocaíocht airgeadais*

1. EUR 3 900 000 a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais iomlán dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú don tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3. Ina theannta sin, íocfaidh úinéirí soithigh ranníocaíocht airgeadais mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Is é seo a leanas a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais iomlán sin:

(a) méid bliantúil EUR 350 000 a chomhfhreagraíonn do thonnáiste tagartha 7 000 tona in aghaidh na bliana le haghaidh rochtain ar uiscí agus ar acmhainní iascaigh Cabo Verde;

(b) méid sonrach EUR 430 000 in aghaidh na bliana chun tacú le beartas iascaigh earnálach Cabo Verde agus chun é a chur chun feidhme.

3. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2(a) den Airteagal seo gach bliain i gcomhréir leis an bPrótacal agus faoi réir fhorálacha an Phrótacail, i gcás ina dtiocfaidh athrú ar mhéid na ranníocaíochta de dhroim chur i bhfeidhm Airteagail 7, 9, 12 agus 16 den Phrótacal seo agus Airteagail 7, 12 agus 13 den Chomhaontú.

4. Má sháraíonn cainníocht iomlán na ngabhálacha ag soithí an Aontais sa limistéar iascaireachta an tonnáiste tagartha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais a chinnfear san fhoráil sin a mhéadú, i gcás gach tona breise a ghabhfar, le EUR 50. Mar sin féin, an méid bliantúil iomlán a íocann an tAontas, ní bheidh sé níos mó ná dhá oiread an mhéid a shonraítear i bpointe (a) de mhír 2(a). I gcás inar mó na cainníochtaí a ghabh soithí de chuid an Aontais ná na cainníochtaí a chomhfhreagraíonn do dhá oiread an mhéid bhliantúil iomláin, íocfar an méid a bheidh dlite as an gcainníocht a sháraíonn an teorainn sin an bhliain ina dhiaidh sin.

5. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais faoi mhír 2 (a) a íoc tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo don chéad bhliain agus tráth nach déanaí ná dáta comórtha an Phrótacail seo do na blianta ina dhiaidh sin.

6. Beidh lánrogha ag údaráis Cabo Verde maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

7. Déanfar na ranníocaíochtaí airgeadais dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 2 a íoc isteach i gcuntais Státchiste Cabo Verde. Cuirfear isteach sa bhuiséad náisiúnta iad. Tabharfaidh údaráis Cabo Verde fógra don Choimisiún Eorpach maidir leis na huimhreacha cuntais bainc ábhartha ar bhonn bliantúil.

*Airteagal 6*
*Tacaíocht earnála*

1. Rannchuideoidh tacaíocht earnála, faoin bPrótacal seo, le cur chun feidhme na straitéise náisiúnta don iascach agus don gheilleagar gorm. Is é is aidhm dó tacú le bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh agus le forbairt na hearnála, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) Faireachán, rialú agus faireachas ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a neartú;

   (b) le forbairt an eolais eolaíochta maidir le hacmhainní iascaigh a neartú;

   (c) inniúlachtaí rialaithe sláintíoch le haghaidh táirgí iascaigh a neartú;

   (d) tacaíocht do phobail chósta (gníomhaíochtaí iascaireachta, oiliúint, fostaíocht, sábháilteacht iascairí agus forbairt eacnamaíoch), agus béim ar leith á leagan ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar mhná agus ar dhaoine óga;

   (e) an comhar idirnáisiúnta a neartú;

   (f) dobharshaothrú inbhuanaithe a fhorbairt;

   (g) tacaíocht don gheilleagar gorm.

2. Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, comhaontóidh na Páirtithe sa Chomhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 9 den Chomhaontú maidir le clár earnála ilbhliantúil agus rialacha mionsonraithe maidir lena chur chun feidhme, go háirithe:

   (a) treoirlínte bliantúla agus ilbhliantúla a leanfar a dhéanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b) den Phrótacail seo, a úsáid;

   (b) na cuspóirí atá le baint amach, ar bhonn bliantúil agus ilbhliantúil, chun go mbeifear in ann iascaireacht fhreagrach agus inbhuanaithe a thabhairt isteach in am agus i dtráth, agus tosaíochtaí Cabo Verde á gcur san áireamh laistigh den bheartas iascaigh náisiúnta nó beartais eile atá nasctha le hiascaireacht fhreagrach agus inbhuanaithe a thabhairt isteach nó a bhfuil tionchar acu ar thabhairt isteach na hiascaireachta sin;

   (c) critéir agus nósanna imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear ar bhonn bliantúil.

3. Íocfar méid sonrach na ranníocaíochta airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), gach bliain de réir an dul chun cinn atá déanta.

4. I gcás na chéad bhliana de chur i bhfeidhm an Phrótacail, íocfar an ranníocaíocht airgeadais ar bhonn an chlársceidealaithe ilbhliantúil arna fhormheas ag an gComhchoiste. Ní fhéadfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais sin a íoc ach amháin tar éis do Cabo Verde a oibleagáidí tacaíochta earnála a chomhlíonadh faoin bPrótacal roimhe seo (2019-2024)[3], agus tar éis don Aontas na híocaíochtaí tacaíochta earnála gaolmhara atá dlite faoin bPrótacal roimhe seo a dhéanamh.

5. I dtaca leis na blianta de chur i bhfeidhm an Phrótacail ina dhiaidh sin, íocfar na ranníocaíochtaí airgeadais ar bhonn na dtorthaí a fuarthas agus an clár earnála á chur chun feidhme i gcomhréir leis na critéir agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i

[3] Airteagal 5 de Phrótacal 2019-2024.

mír 2(c) agus leis na gníomhaíochtaí maidir le hinfheictheacht ar na tionscadail a rinneadh. Déanfar an ranníocaíocht airgeadais a íoc tráth nach déanaí ná 45 lá tar éis don Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir leis na torthaí a baineadh amach.

6. I bhfianaise na moille ar thacaíocht earnála a chur chun feidhme faoi Phrótacal 2019-2024, go háirithe mar thoradh ar an ngéarchéim atá ann de dheasca phaindéim COVID-19, ba cheart síneadh 6 mhí eile a chur leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(7) de Phrótacal 2019-2024. Mar sin féin, ní íocfar amach an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 4, mír 2, pointe (b) de Phrótacal 2019-2024, níos mó ná tréimhse 12 mhí tar éis don Phrótacal[4] seo dul in éag.

7. Déanfaidh an Comhchoiste aon leasú atá beartaithe ar an gclár earnála bliantúil nó ilbhliantúil a fhormheas, trí mhalartú litreacha i gcás inarb iomchuí.

8. Gach bliain, cuirfidh Cabo Verde tuarascáil ar dhul chun cinn na dtionscadal faoi bhráid an Chomhchoiste, tionscadail a cuireadh chun feidhme le tacaíocht earnála. Scrúdóidh an Comhchoiste an tuarascáil sin, agus déanfaidh sé meastóireacht ar na torthaí.

9. Íocfar an tacaíocht earnála i dtráthchodanna de réir na riachtanas a shainaithneofar sa chlársceidealú agus de réir na dtorthaí a gheofar.

10. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 5(2)(b) den Phrótacal seo a athbhreithniú nó a chur ar fionraí, go páirteach nó go hiomlán, i gcás nach gcuirfear an ranníocaíocht airgeadais sin chun feidhme nó i gcás nach mbeidh na torthaí a gheofar i gcomhréir leis an gclársceidealú, tar éis meastóireacht arna déanamh ag an gComhchoiste.

11. Atosófar ar an ranníocaíocht airgeadais a íoc tar éis don dá Pháirtí dul i gcomhairle le chéile agus teacht ar chomhaontú nuair a bheidh údar cuí leis sin de bharr thorthaí an chur chun feidhme. Mar sin féin, ní íocfar amach an ranníocaíocht airgeadais shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5, mír, pointe 2(b) den Phrótacal seo níos mó ná tréimhse 6 mhí tar éis don Phrótacal seo dul in éag.

12. Áiritheoidh na páirtithe infheictheacht na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear trí bhíthin tacaíocht earnála. Cuirfidh Cabo Verde tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Chomhchoiste maidir leis na gníomhaíochtaí infheictheachta sin.

13. Na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 8 agus na gníomhaíochtaí infheictheachta dá dtagraítear i mír 12, beidh siad ina gcoinníollacha bunriachtanacha le go bhféadfaidh an tAontas tráthchodanna na tacaíochta airgeadais dá dtagraítear i mír 5 a aistriú ina dhiaidh sin.

14. Beidh an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b) faoi réir rialacha agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí Cabo Verde. Cuirfear prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais san áireamh, go háirithe prionsabal na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne á n-urramú, go háirithe.

[4] De bhun Airteagal 2 de Phrótacal 2019-2024, chuaigh an Prótacal in éag an 19 Bealtaine 2024. Dá bhrí sin, is é an 18 Bealtaine 2025 an spriocdháta le haghaidh íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 4(2)(b) den Phrótacal sin.

15. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thionscadail arna maoiniú le tacaíocht earnála agus féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise iad a imscrúdú.

*Airteagal 7*
*Comhar eolaíoch chun iascaireacht inbhuanaithe a áirithiú*

1. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, déanfaidh an tAontas agus údaráis Cabo Verde faireachán ar athruithe a thagann ar ghabhálacha, ar iarracht iascaireachta agus ar staid na n-acmhainní i limistéar iascaireachta Cabo Verde i ndáil le gach speicis a chumhdaítear faoin bPrótacal seo. Go háirithe, comhaontaíonn na Páirtithe bailiú agus anailís sonraí a neartú, lena bhféadfar plean gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt chun siorcanna a chaomhnú agus a bhainistiú.

2. Comhlíonfaidh na Páirtithe moltaí agus rúin CITAC maidir le bainistiú inbhuanaithe iascach.

3. I gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú, ar bhonn moltaí agus rún arna nglacadh laistigh de CITAC agus i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil, féadfaidh na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, cruinniú eolaíoch comhpháirteach a thionól chun scrúdú a dhéanamh ar stádas na bpríomhspeiceas a bhfuil soithí de chuid an Aontais ag díriú orthu, go háirithe siorcanna peiligeacha. Cuirfear torthaí an chruinnithe eolaíoch faoi bhráid an Chomhchoiste. Glacfaidh an Comhchoiste, i gcás inarb iomchuí, bearta breise chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh arna ngabháil ag soithí an Aontais a áirithiú.

4. Ós rud é go bhféadfadh siorcanna peiligeacha a bheith i measc na speiceas a ghabhann soithí an Aontais i dtaca le hiascaigh tuinníní, agus i bhfianaise leochaileacht na speiceas sin mar a cuireadh in iúl i dtuairimí eolaíocha CITAC, ní mór aird ar leith a thabhairt, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, ar aon ghabháil de na speicis atá i gceist ag báid spiléireachta atá i mbun iascaireachta faoin bPrótacal seo. Oibreoidh an dá Pháirtí i gcomhar le chéile d'fhonn feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí eolaíocha a bhaineann leis na speicis a ghabhtar agus ar an bhfaireachán ar na sonraí sin.

5. Chuige sin, bunóidh an dá Pháirtí sásra chun dianfhaireachán a dhéanamh ar an iascach sin chun saothrú inbhuanaithe na hacmhainne sin a áirithiú. Beidh an sásra faireacháin bunaithe, go háirithe, ar mhalartú ráithiúil sonraí maidir le gabhálacha siorcanna. Más rud é, i gcaitheamh bliana, go sáróidh na gabhálacha sin 20 % den tonnáiste tagartha dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(a), bunófar faireachán treisithe a bheidh bunaithe ar mhalartú míosúil sonraí agus ar chomhairliúchán idir na Páirtithe. Más rud é, i gcaitheamh bliana, go sroicheann gabhálacha den sórt sin 30 % den tonnáiste tagartha dá dtagraítear thuas, glacfaidh an Comhchoiste, i gcás inarb iomchuí, bearta breise lena leagfar síos creat ionas gur fearr is féidir gníomhaíochtaí an chabhlaigh spiléireachta a bhainistiú.

6. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh an sásra faireacháin thuasluaite a choigeartú ar bhonn thorthaí an chruinnithe eolaíoch chomhpháirtigh.

*Airteagal 8*
*Comhar i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais ar an iascach agus sa chomhrac in aghaidh na hiascaireachta NNN*

1. Tugann na Páirtithe gealltanas go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile sa chomhrac in aghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta NNN d'fhonn iascaireacht inbhuanaithe a chur chun feidhme.

2. Ar bhonn comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste, féadfaidh na Páirtithe comhaontú go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus go ndéanfaidh siad cláir iniúchta rioscabhunaithe ar shoithí an Aontais, chun cur i bhfeidhm fhorálacha faireacháin, rialaithe agus faireachais iascaigh an Phrótacail a neartú maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe reatha agus chun na bearta ceartaitheacha gaolmhara a neartú freisin.

*Airteagal 9*
*Athbhreithniú trí bhíthin comhaontú frithpháirteach ar na deiseanna iascaireachta agus ar na bearta teicniúla*

1. Féadfaidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 4 a athbhreithniú agus a choigeartú trí chomhaontú frithpháirteach a mhéid a dheimhneofar leis na moltaí agus leis na rúin arna nglacadh ag CITAC go n-áirithítear leis an gcoigeartú sin bainistiú inbhuanaithe na speiceas iascaigh a chumhdaítear leis an bPrótacal seo. Sa chás sin, déanfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), a choigeartú go comhréireach agus *pro rata temporis* agus déanfar na leasuithe is gá ar an bPrótacal seo agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis. Más gá, aisíocfaidh Cabo Verde na suimeanna a ró-íocadh.

2. Más gá, féadfaidh an Comhchoiste na forálacha a bhaineann leis na coinníollacha lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta agus na socruithe maidir le tacaíocht earnála a chur chun feidhme dá bhforáiltear sa Phrótacal seo a scrúdú agus a oiriúnú trí chomhaontú frithpháirteach.

*Airteagal 10*
*Cur chun cinn an chomhair idir oibreoirí eacnamaíocha*

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn feabhas a chur ar na deiseanna maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafoirt Cabo Verde.

2. Féachfaidh na Páirtithe le dálaí a chruthú a bheidh fabhrach do chaidreamh a chur chun cinn idir a bhfiontair sna réimsí teicniúla, eacnamaíocha agus tráchtála, trí chabhrú le timpeallacht a chruthú a bheidh fabhrach d'fhorbairt gnó agus infheistíochta.

*Airteagal 11*
*Comhar i réimse an gheilleagair ghoirm*

1. Geallfaidh na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun an geilleagar gorm a chur chun cinn, go háirithe i réimsí an dobharshaothraithe, na pleanála

spásúla muirí, an fhuinnimh, na biteicneolaíochta muirí agus chosaint na n-éiceachóras muirí.

2. Geallann na Páirtithe infheistíocht san iascach agus sa gheilleagar muirí a chur chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí na Comhpháirtíochta Speisialta idir Cabo Verde agus an tAontas.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun feasacht a mhúscailt i measc oibreoirí príobháideacha an Aontais maidir le deiseanna tráchtála agus tionsclaíocha in earnáil an iascaigh agus an gheilleagair mhuirí in Cabo Verde.

4. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt agus faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú. Chuige sin, tiocfaidh siad ar chomhaontú maidir le pointí fócasacha agus socruithe cumarsáide.

*Airteagal 12*

*Cur chun feidhme an Phrótacail seo a chur ar fionraí*

1. Féadfar cur chun feidhme an Phrótacail seo, lena n-áirítear íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais, a chur ar fionraí ar thionscnamh ceachtar Páirtí, má tá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) *Force majeure* nó imthosca gan choinne lena gcuirtear cosc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta Cabo Verde;

   (b) Athruithe suntasacha ar fhoirmliú nó ar chur chun feidhme bheartas iascaigh ceachtar de na Páirtithe ar athruithe iad a dhéanann difear d'fhorálacha an Phrótacail seo;

   (c) Na sásraí comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 101 de Chomhaontú Shamó a ghníomhachtú, ar sásraí iad a bhaineann le sárú ar eilimintí bunriachtanacha agus bunúsacha de chearta an duine agus de na prionsabail dhaonlathacha mar a shainmhínítear in Airteagal 9 den Chomhaontú sin;

   (d) Íocaíochtaí atá dlite ach nár íoc an tAontas ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá bhforáiltear in Airteagail 5, 7, 9, 12 agus 16 den Phrótacal seo;

   (e) Díospóid thromchúiseach gan réiteach maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an Phrótacail seo idir an dá Pháirtí.

2. I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm an Phrótacail seo ar fionraí ar chúiseanna seachas na cúiseanna a thugtar i mír 1, pointe (c) ceanglófar ar an bPáirtí lena mbaineann fógra a thabhairt i scríbhinn faoina rún 3 mhí ar a laghad roimh an dáta a bheidh éifeacht ag an bhfionraí. Déanfar fionraí an Phrótacail seo ar chúiseanna a leagtar amach i mír 1, pointe (c) a chur i bhfeidhm láithreach tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh maidir le fionraí.

3. I gcás fionraí, leanfaidh na Páirtithe de dhul i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar an díospóid eatarthu. I gcás ina dtiocfar ar réiteach den sórt sin, cuirfear tús an athuair le cur i bhfeidhm an Phrótacail seo.

4. I gcás fionraí, déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal seo don bhliain ina dtagann an fionraí i bhfeidhm a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis*. Más gá, aisíocfaidh Cabo Verde na suimeanna a ró-íocadh.

*Airteagal 13*
*Malartú leictreonach sonraí*

1. Áiritheoidh Cabo Verde agus an tAontas go mbeidh córais i bhfeidhm chun faireachán agus malartú leictreonach a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus na doiciméid uile a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail seo maidir le gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Measfar ag aon tráth an fhoirm leictreonach de dhoiciméad a bheith coibhéiseach leis an leagan páipéir.

3. Tabharfaidh Cabo Verde agus an tAontas fógra dá chéile gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú ar chóras TF. Déanfar an fhaisnéis agus na doiciméid a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a tharchur go huathoibríoch ansin trí mhodh cumarsáide malartach.

4. Áiritheoidh an tAontas go ndéanfaidh soithí an Aontais an méid seo a leanas a tharchur go tráthrialta chuig Cabo Verde:

– sonraí suíomhanna na soithí in limistéar eacnamaíoch eisiach Cabo Verde,

– faisnéis maidir le gabhálacha laethúla de chuid na soithí in limistéar eacnamaíoch eisiach Cabo Verde,

– fógraí maidir le soithí ag teacht isteach in limistéar eacnamaíoch eisiach Cabo Verde,

– fógraí maidir le soithí ag imeacht amach as limistéar eacnamaíoch eisiach Cabo Verde,

– réamhfhógraí trasloingsithe agus dearbhuithe trasloingsithe ó shoitheach de chuid an Aontais i gcalafort de chuid Cabo Verde,

– réamhfhógraí maidir le soithí ag filleadh ar an gcalafort agus dearbhuithe maidir le tabhairt i dtír i gcalafort Cabo Verde.

Na módúlachtaí a bhaineann le tarchur sonraí, lena n-áirítear na forálacha maidir le leanúnachas gnó, leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

*Airteagal 14*
*Cosaint sonraí*

1. Áiritheoidh Cabo Verde agus an tAontas go n-úsáidfidh an t-údarás inniúil na sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú chun an Comhaontú Iascaigh a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistíocht agus taighde eolaíoch a dhéanamh agus chun faireachán agus faireachas a dhéanamh ar an iascaireacht.

2. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Iascaigh, mar aon le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála a bhaineann le córais chumarsáide a úsáideann an tAontas, geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go bpléifear leo mar fhaisnéis atá rúnda. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil go poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta.

3. Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach dlíthiúil, cóir agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí.

4. Déanfar sonraí pearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú a phróiseáil i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo. Féadfaidh an Comhchoiste coimircí agus leigheasanna breise maidir le sonraí pearsanta agus cearta na n-ábhar sonraí a bhunú.

5. Na sonraí a mhalartaítear faoin gComhaontú, leantar dá bpróiseáil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le Foscríbhinn 6, fiú tar éis don Phrótacal seo dul in éag.

*Airteagal 15*
*Forálacha is infheidhme sa dlí náisiúnta*

1. Gníomhaíochtaí soithí de chuid an Aontais a oibríonn in uiscí Cabo Verde faoin bPrótacal seo, beidh siad faoi rialú ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm in Cabo Verde, go háirithe an Plean maidir le Bainistiú Acmhainne Iascaigh in Cabo Verde, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú nó sa Phrótacal seo leis an Iarscríbhinn agus leis na Foscríbhinní a ghabhann leis.

2. Cuirfidh údaráis Cabo Verde an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú nó aon reachtaíocht nua a bhaineann le hearnáil an iascaigh.

*Airteagal 16*
*Séanadh*

1. Féadfaidh ceachtar den dá pháirtí an Prótacal seo a fhoirceannadh i gcás imthosca neamhghnácha mar atá díghrádú na stoc lena mbaineann, teacht ar leibhéal laghdaithe maidir le saothrú na ndeiseanna iascaireachta a dheonaítear don Aontas, nó gealltanais gan a bheith comhlíonta, gealltanais arna ndéanamh ag na Páirtithe maidir leis an gcomhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte.

2. I gcás ina bhfoirceannfar an Prótacal seo, tabharfaidh an páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn don Pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige é a fhoirceannadh 6 mhí ar a laghad roimh an dáta a thiocfadh an foirceannadh sin i bhfeidhm.

3. Is é seoladh an fhógra dá dtagraítear i mír 2 a osclaíonn na comhairliúcháin idir na Páirtithe.

4. Déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(a) den Phrótacal seo don bhliain ina dtagann an foirceannadh i bhfeidhm a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis*. Más gá, aisíocfaidh Cabo Verde na suimeanna a ró-íocadh.

*Airteagal 17*
*Cur chun feidhme sealadach*

Beidh feidhm shealadach ag an bPrótacal seo ón 20 Bealtaine 2024 faoi réir a shínithe ag na Páirtithe, nó ó dháta an tsínithe má shínítear é tar éis an 20 Bealtaine 2024.

*Airteagal 18*
*Teacht i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun go nglacfar é curtha i gcrích acu.

2. Seolfar an fógra dá dtagraítear i mír 1, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, chuig údaráis an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 19*
*Téacsanna barántúla*

Tarraingeofar an Prótacal seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

## IARSCRÍBHINN

## COINNÍOLLACHA DO SHOITHIGH IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS CHUN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A CHUR I gCRÍCH I LIMISTÉAR IASCAIREACHTA CABO VERDE

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. An t-údarás inniúil a ainmniú

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas nó do Cabo Verde mar údarás inniúil:

(a) i gcás an Aontais: an Coimisiún Eorpach, i gcás inarb iomchuí trí Thoscaireacht an Aontais in Cabo Verde;

(b) i gcás Cabo Verde: an Aireacht atá freagrach as an iascach.

2. Limistéar iascaireachta

Is iad comhordanáidí limistéar iascaireachta Cabo Verde na comhordanáidí sin a shonraítear i bhFoscríbhinn 1. Féadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh thar na teorainneacha a leagtar síos do gach catagóir i bhFoscríbhinn 2, agus beidh cearta iascaireachta eisiacha faoi bhun na dteorainneacha sin á gcoinneáil ag iascairí Cabo Verde.

Nuair a eiseofar an t-údarú iascaireachta, tabharfaidh Cabo Verde fógra d’oibreoirí faoi theorainneacha na limistéar a bhfuil toirmeasc ar loingseoireacht agus ar iascaireacht iontu. Cuirfear an tAontas ar an eolas freisin faoi.

3. Gníomhaire áitiúil a cheapadh

Gach soitheach de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe aige tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh i gcalafort Cabo Verde, féadfaidh gníomhaire a bhfuil cónaí air in Cabo Verde ionadaíocht a dhéanamh air.

4. Cuntas bainc

Cuirfidh Cabo Verde an tAontas ar an eolas, roimh theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, maidir le mionsonraí an chuntais bainc/na gcuntas bainc ina n-íocfar na méideanna airgeadais is iníoctha ag soithí de chuid an Aontais faoin gComhaontú. Is ar na hoibreoirí a bheidh na costais a bhaineann le haistrithe bainc.

## CAIBIDIL II

## ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

Roinn 1

Na nósanna imeachta is infheidhme

1. Coinníoll maidir le húdarú iascaireachta a fháil — soithí incháilithe

Eiseofar na húdaruithe iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chomhaontú ar choinníoll go bhfuil an soitheach cláraithe i gclár shoithí iascaireachta an Aontais. Déanfar údaruithe iascaireachta a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha. Na hoibleagáidí uile a bhí ann roimhe a bhaineann leis an oibreoir, leis an gcaptaen nó leis an soitheach féin, oibleagáidí a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí iascaireachta in Cabo Verde faoin gComhaontú, ba cheart iad a chomhlíonadh roimh an eisiúint sin.

2. Iarratas ar údarú iascaireachta (córas LICENCE)

2.1 Cuirfidh an tAontas iarratas ar údarú iascaireachta faoi bhráid údaráis inniúla Cabo Verde maidir le gach soitheach de chuid an Aontais a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh faoin gComhaontú 15 lá oibre ar a laghad roimh thús na tréimhse bailíochta a iarradh.

2.2 Is féidir iarratais ar údaruithe iascaireachta agus an eisiúint a ghabhann leo a tharchur go leictreonach tríd an gcóras LICENCE, an córas leictreonach chun údaruithe iascaireachta a bhainistiú, arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Comhoibreoidh seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh le húdaráis Cabo Verde chun úsáid chéimseach an chórais LICENCE a éascú. Cuirfidh Cabo Verde an Coimisiún Eorpach ar an eolas a luaithe is féidir an córas LICENCE a úsáid.

2.3. Go dtí go mbeidh an córas LICENCE ag feidhmiú go hiomlán agus go mbeidh Cabo Verde in ann é a úsáid, déanfar údaruithe iascaireachta a tharchur le ríomhphost.

2.4 I ngach iarratas ar údarú iascaireachta beidh an fhaisnéis a liostaítear i bhFoscríbhinn 4 agus na doiciméid seo a leanas:

(a) cruthúnas gur íocadh an réamh-mhuirear don tréimhse údaraithe bhliantúil lena mbaineann, agus na costais a bhaineann leis an mbreathnóir[6]. Níl an réamhíocaíocht inaisíoctha, ach amháin má chealaítear an t-iarratas sula n-eisítear an t-údarú; sa chás sin, féadfar an réamhíocaíocht a chur chun sochair d’oibreoir as iarratas eile a dhéanamh nó féadfar í a íoc ar ais leis an oibreoir;

(b) grianghraf digiteach daite den soitheach de ghléine leormhaith agus a tógadh le déanaí, ar grianghraf é ina dtaispeántar radharc cliathánach mionsonraithe den soitheach, lena n-áirítear ainm agus uimhir aitheantais an tsoithigh agus iad le feiceáil go soiléir ar an gcabhail;

(c) cóip de dheimhniú clárúcháin na brataí.

Agus údarú iascaireachta á athnuachan faoin bPrótacal seo, ní bheidh san iarratas ar athnuachan ach an fhaisnéis dá bhforáiltear i bhFoscríbhinn 4 agus cruthúnas gur íocadh an muirear agus na costais a bhaineann leis an mbreathnóir.

---

[5] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

[6] Tagairt do Chaibidil IX, mír 3.

3. Údaruithe iascaireachta a eisiúint

Eiseoidh údaráis Cabo Verde na húdaruithe iascaireachta bunaidh d'oibreoirí, nó dá ngníomhaire, laistigh de 15 lá oibre ón iarratas iomlán a fháil.

Tar éis dóibh an t-údarú iascaireachta a eisiúint, déanfaidh údaráis Cabo Verde cóip leictreonach den bhunchóip shínithe a uaslódáil go pras chuig LICENCE nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán agus seolfaidh siad í trí ríomhphost chuig údaráis an Aontais idir an dá linn.

Déanfaidh soithí údaraithe de chuid an Aontais an t-údarú iascaireachta bunaidh a choimeád ar bord. Mar sin féin, féadfar cóip leictreonach den údarú iascaireachta a úsáid ar feadh uastréimhse 60 lá féilire tar éis dháta eisiúna an údaraithe iascaireachta sin. Le linn na tréimhse sin, measfar go bhfuil an chóip coibhéiseach leis an mbunchóip.

4. Mífheidhmiú an chórais LICENCE

4.1 I gcás ina dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn maidir le faisnéis a tharchur sa chóras LICENCE idir an Coimisiún Eorpach agus Cabo Verde, déanfar malartuithe leictreonacha údaruithe iascaireachta trí ríomhphost go dtí go mbeidh an córas ag feidhmiú arís.

4.2 A luaithe a athbhunófar an córas, déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta sa chóras LICENCE.

5. Liosta de na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh

A luaithe a eiseofar an t-údarú iascaireachta, tarraingeoidh Cabo Verde suas, gan mhoill, le haghaidh gach catagóire soithigh, liosta cinntitheach de na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar Cabo Verde. An liosta sin, cuirfear láithreach é chuig an gcomhlacht náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an iascaireacht, agus chuig an Aontas. Féadfaidh soithí tús a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta a luaithe a bheidh siad ar an liosta sin.

6. Tréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta

Beidh tréimhse bhailíochta bhliantúil ag údaruithe iascaireachta agus beidh siad in-athnuaite.

Ciallaíonn 'tréimhse bhliantúil':

(a) sa chéad bhliain ina gcuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir dáta a theacht i bhfeidhm agus an 31 Nollaig an bhliain chéanna;

(b) ina dhiaidh sin, gach bliain féilire iomlán;

(c) i gcás na bliana deireanaí a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm, an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an dáta a rachaidh an Prótacal seo in éag.

7. Coinneáil ar bord an údaraithe iascaireachta

Coinneofar bunchóip an údaraithe iascaireachta ar bord, nó cóip de ar feadh na huastréimhse úsáide dá dtagraítear i mír 3.

8. An t-údarú iascaireachta a aistriú

8.1 Eiseofar an t-údarú iascaireachta le haghaidh soitheach ar leith agus ní bheidh sé inaistrithe. I gcás *force majeure*, mar sin féin, mar shampla soitheach a chailleadh nó a choinneáil ar feadh tréimhse fhada mar gheall ar dhamáiste tromchúiseach teicniúil agus arna iarraidh sin don Aontas, cuirfear údarú nua in ionad an údaraithe iascaireachta, arna eisiúint thar ceann soitheach eile cosúil leis an soitheach atá le hionadú, gan aon mhuirear breise a ghearradh.

8.2 Déanfar an t-aistriú tríd an údarú iascaireachta atá le hionadú ag an oibreoir nó ag a ghníomhaire in Cabo Verde a thabhairt ar láimh agus déanfaidh Cabo Verde an t-údarú athsholáthair a tharraingt suas a luaithe is féidir. Eiseofar an t-údarú ionaid gan a thuilleadh moille don oibreoir nó dá ghníomhaire nuair a thabharfar an t-údarú atá le hionadú ar ais. Gabhfaidh éifeacht leis an údarú athsholáthair an lá a chuirfear an t-údarú atá le hionadú ar ais.

8.3 Tabharfaidh na Páirtithe an fhaisnéis maidir leis an aistriú sin cothrom le dáta in LICENCE.

8.4 Tabharfaidh Cabo Verde an liosta soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh cothrom le dáta a luaithe is féidir. An liosta nua sin, cuirfear láithreach é chuig an gcomhlacht náisiúnta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an iascaireacht, agus chuig an Aontas.

9. Soithí tacaíochta

Arna iarraidh sin don Aontas agus tar éis do na húdaráis inniúla scrúdú a dhéanamh, údaróidh Cabo Verde do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu cúnamh a fháil ó shoithí tacaíochta.

Ní bheidh na soithí tacaíochta feistithe le haghaidh iascaireachta. Ní fhéadfar athbhreoslú ná trasloingsiú gabhálacha a áireamh sa tacaíocht sin.

Beidh soithí tacaíochta faoi réir an nós imeachta chéanna maidir le hiarratais ar údaruithe iascaireachta a leagtar amach sa Chaibidil seo a a tharchur, a mhéid is infheidhme. Tarraingeoidh Cabo Verde liosta de na soithí tacaíochta údaraithe suas agus seolfaidh sé láithreach chuig an Aontas é.

Beidh na soithí sin faoi réir muirear bliantúil EUR 3 500 a íoc.

I gcás ina gcealófar an t-údarú iascaireachta le haghaidh soitheach tacaíochta sula n-eiseoidh údaráis Cabo Verde an ceadúnas nó sula gcuirfidh an soitheach tús le hoibríochtaí i limistéar iascaireachta Cabo Verde, aisíocfar an méid a íocadh. Féadfar é a chur chun sochair don oibreoir nó don chomhlachas táirgeoirí freisin agus féadfar é a úsáid le haghaidh íocaíocht eile.

## Roinn 2

## Muirir agus réamhíocaíochtaí

1. Socrófar an muirear a íocfaidh na hoibreoirí mar a leanas:

– i gcás na mbád saighne: EUR 80 in aghaidh an tona a ghabhtar le linn na chéad trí thréimhse bhliantúla[7]; EUR 85 in aghaidh an tona a ghabhtar sna trí thréimhse bhliantúla dheireanacha.

– i gcás báid spiléireachta agus soithí cleithe agus dorú: EUR 75 in aghaidh an tona a ghabhtar le linn na chéad trí thréimhse bhliantúla[8]; EUR 80 in aghaidh an tona a ghabhtar sna trí thréimhse bhliantúla dheireanacha.

2. Maidir leis na réamh-mhuirir ar ráta comhréidh seo a leanas a bhfuil coinne leo, eiseofar údaruithe iascaireachta a luaithe a bheidh siad íoctha le húdaráis inniúla Cabo Verde:

I gcás na mbád saighne tuinnín:

– EUR 6 800 do bhliain iomlán féilire, méid atá coibhéiseach le tonnáiste 85 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 80 in aghaidh an tona, agus 80 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 85 in aghaidh an tona;

I gcás soithí tuinníní cleithe agus dorú:

– EUR 1 500 le haghaidh bliain féilire iomlán, méid atá coibhéiseach le tonnáiste 20 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 75 in aghaidh an tona, agus 18.75 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 80 in aghaidh an tona

I gcás na mbád spiléireachta:

– EUR 3 900 le haghaidh bliain féilire iomlán, méid atá coibhéiseach le tonnáiste 52 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 75 in aghaidh an tona, agus 48.75 t i gcás ina bhfuil feidhm ag an muirear EUR 80 in aghaidh an tona

3. Áireofar i méid an réamh-mhuirir ar ráta comhréidh a bhfuil coinne leis gach cáin áitiúil agus náisiúnta cé is moite de chánacha calafoirt, cánacha trasloingsithe agus táillí chun seirbhísí a sholáthar. Don chéad tréimhse bhliantúil agus don tréimhse bhliantúil dheireanach, déanfar an muirear ar ráta comhréidh a bhfuil coinne leis agus a choibhéis i dtéarmaí tonnáiste in aghaidh an tsoithigh a ríomh *pro rata temporis*.

Déanfar na réamh-mhuirear ar ráta comhréidh agus na hiarmhéideanna dá dtagraítear i mír 5 a íoc isteach i gcuntas sonrach Stát Cabo Verde, a soláthróidh Cabo Verde na tagairtí dó.

4. Tarraingeoidh an tAontas suas, i gcás gach soithigh, ar bhonn a dhearbhuithe gabhála, ráiteas deiridh maidir leis na muirir atá dlite don soitheach i ndáil lena ghníomhaíochtaí le linn na tréimhse bliantúla roimhe sin. Seolfaidh an tAontas an ráiteas deiridh sin chuig Cabo Verde agus chuig an oibreoir trí na Ballstáit roimh an 30 Aibreán den bhliain reatha. Féadfaidh Cabo Verde agóid a dhéanamh in aghaidh an ráitis deiridh, ar bhonn cruthúnas doiciméadach, laistigh de 30 lá tar éis dó é a fháil. I gcás easaontais, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sa Chomhchoiste. Mura ndéanfaidh Cabo Verde agóid laistigh de 30 lá, measfar gur glacadh an ráiteas deiridh.

5. Má tá an ráiteas deiridh níos airde ná an réamh-mhuirear ar ráta comhréidh a íocadh as an údarú iascaireachta a fháil, íocfaidh an t-oibreoir an t-iarmhéid le Cabo Verde laistigh de 45 lá, ach amháin má chuireann sé in aghaidh a agóide. Mar sin féin, i gcás ina mbeidh méid an

[7] Tag. Caibidil II, Roinn 1, mír 6 don sainmhíniú ar 'tréimhse bhliantúil'.
[8] Féach thuas.

ráiteas deiridh níos lú ná an réamh-mhuirear ar ráta comhréidh a íocadh roimh ré, ní fhéadfaidh an t-oibreoir soithigh an tsuim iarmhair a fháil ar ais.

## CAIBIDIL III

## BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNÚCHÁIN

Leagtar síos bearta teicniúla is infheidhme maidir le soithí a bhfuil údarú iascaireachta acu i ndáil le limistéir iascaireachta, trealamh iascaireachta agus foghabhálacha le haghaidh gach catagóire iascaireachta i bhFoscríbhinn 2.

Comhlíonfaidh soithí na bearta agus na moltaí arna nglacadh ag CITAC sa réigiún maidir le trealamh iascaireachta agus feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna), sonraíochtaí teicniúla na mbeart sin agus gach beart teicniúil eile is infheidhme maidir lena ngníomhaíochtaí iascaireachta.

I gcomhréir leis na bearta agus na moltaí sin, féachfaidh na Páirtithe le leibhéil foghabhála turtar, éan mara agus speiceas eile nach spriocspeicis iad a laghdú. Scaoilfidh soithí an Aontais aon fhoghabháil den sórt sin ar mhaithe leis an deis is mó is féidir a thabhairt do na speicis lena mbaineann teacht slán.

## CAIBIDIL IV

## TUAIRISCIÚ GABHÁLA

### Roinn 1

### Taifeadadh sa logleabhar iascaireachta agus tuairisciú gabhálacha ag ERS

1. Coinneoidh captaen ar shoitheach gabhála de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta aige a eisíodh faoin bPrótacal seo logleabhar iascaireachta i gcomhréir le moltaí agus rúin ábhartha CITAC.
Is é an captaen atá freagrach as cruinneas na sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar iascaireachta.

2. Aon soitheach gabhála de chuid an Aontais a bhfuil ceadúnas iascaireachta aige a eisíodh faoin bPrótacal seo, feisteofar é le córas leictreonach (dá ngairtear 'ERS' anseo feasta) lenar féidir sonraí a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta an tsoithigh a thaifeadadh agus a tharchur (dá ngairtear 'sonraí ERS' anseo feasta).

3. Ní fhéadfaidh soitheach gabhála de chuid an Aontais nach bhfuil feistithe le ERS, nó nach bhfuil a ERS ag feidhmiú, dul isteach i limistéar iascaireachta Cabo Verde chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh ann.

4. Déanfaidh an captaen an logleabhar iascaireachta a líonadh isteach le haghaidh gach lae a bheidh an soitheach i limistéar iascaireachta Cabo Verde. Déanfaidh an soitheach sonraí ERS a tharchur chuig a Stát brataí, rud a fhágfaidh go mbeidh siad ar fáil go huathoibríoch do LFI Cabo Verde.

5. Déanfar sonraí ERS a tharchur trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide leictreonacha a oibríonn an Coimisiún Eorpach chun sonraí iascaigh a mhalartú i bhfoirm chaighdeánaithe. Na ceanglais theicniúla maidir le cumarsáid ERS, tá siad leagtha amach i bhFoscríbhinn 5, Ranna 1 agus 3.

6. I gcás nach gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forchoimeádann údaráis Cabo Verde an ceart chun údarú iascaireachta an tsoithigh chiontaigh a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an fhoirmiúlacht curtha i gcrích agus chun an pionós dá bhforáiltear leis na rialacha atá i bhfeidhm in Cabo Verde a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoir an tsoithigh. Cuirfear an tAontas Eorpach agus an Ballstát brataí ar an eolas faoi sin. Má dhéanann cliseadh teicniúil difear, áfach, don tarchur idir LFInna na bPáirtithe de shonraí na gníomhaíochta iascaireachta ('sonraí ERS'), ní mheasfar soithí de chuid an Aontais a ndearna an cliseadh sin difear dóibh a bheith i gcás neamhchomhlíonta.

Roinn 2

Tuairisciú ráithiúil ar shonraí comhiomlánaithe gabhála

1. Roimh dheireadh an tríú mí de gach ráithe, soláthróidh an tAontas sonraí maidir le gabhálacha do Cabo Verde, sonraí a tógadh i míonna na ráithe nó na ráithí roimhe sin den bhliain reatha. Cuirfear na sonraí sin i láthair go míosúil, de réir catagóir iascaireachta, soithigh agus speicis a léirítear lena chód FAO.

2. Measfar na sonraí comhiomlánaithe sin ó logleabhair iascaireachta a bheith sealadach go dtí go dtabharfaidh údaráis an Aontais fógra faoi chuntas bliantúil críochnaitheach ar ghabhálacha de réir fhorálacha Roinn 2 de Chaibidil II.

3. Bainfidh Cabo Verde úsáid as na sonraí sin agus tuairisceoidh sé neamhréireachtaí leis na sonraí a fhaigheann ERS i gcomhréir le Roinn 1 den Chaibidil seo.

## CAIBIDIL V
## TABHAIRT I dTÍR AGUS TRASLOINGSIÚ

1. Fógra agus dearbhú

An captaen ar shoitheach de chuid an Aontais ar mian leis tabhairt i dtír i gcalafort Cabo Verde nó gabhálacha a gabhadh i limistéar Cabo Verde a thrasloingsiú, comhlíonfaidh sé moltaí ICCAT ina leagtar amach na spriocdhátaí agus an fhaisnéis atá le cur in iúl do Cabo Verde mar Stát Calafoirt maidir leis an méid seo a leanas:

- an réamhiarraidh ar dhul isteach i gcalafort[9];

- réamhfhógra faoi thrasloingsiú[10];

9 Tag. CICTA rec. 18-09 mír.13.

- an dearbhú trasloingsithe[11].

Ina theannta sin, cuirfear dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafoirt Cabo Verde in iúl do Cabo Verde freisin laistigh de na spriocdhátaí agus na formáidí céanna a leagtar síos chun iad a chur in iúl don Stát brataí.

2. Socruithe maidir le fógraí agus dearbhuithe a chur isteach

Déanfaidh ERS na fógraí agus na dearbhuithe dá dtagraítear sa Chaibidil seo a chur in iúl mar ábhar tosaíochta idir an Stát brataí agus údaráis Cabo Verde. Mar sin féin, mura dtarchuireann ERS an fhaisnéis uile dá bhforáiltear sna fógraí agus sna dearbhuithe sin, cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis uile le haghaidh an imeachta lena mbaineann isteach trí ríomhphost chuig údaráis Cabo Verde. Sa chás sin, admhóidh siad gan mhoill go bhfuarthas an iarraidh.

Déanfar an oibríocht trasloingsithe in uiscí calafoirt atá údaraithe chun na críche sin i Cabo Verde. Tá toirmeasc ar thrasloingsiú ar muir.

Mura gcomhlíonfar na coinníollacha sin, gearrfar na pionóis dá bhforáiltear i reachtaíocht Cabo Verde i bhfeidhm.

3. Rialú oibríochtaí

Is é Cabo Verde a rialaíonn oibríochtaí trasloingsithe agus tabhairt i dtír i gcalafoirt i gcomhréir lena oibleagáidí faoin gComhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt. Déanfaidh captaein na soithí de chuid an Aontais atá ag gabháil d'oibríochtaí tabhairt i dtír nó trasloingsithe á gcur féin faoi rialú na n-oibríochtaí sin. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta iniúchta a leagtar amach i gCaibidil VI, mír 3.

Arna iarraidh sin do na cigirí, éascóidh an captaen rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le formheas sláintíoch an tsoithigh.

4. Dreasachtaí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun rannchuidiú le forbairt earnáil an iascaigh in Cabo Verde agus chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an Chomhaontaithe a neartú, go háirithe trí thabhairt i dtír soithí de chuid an Aontais a mhéadú agus trí luach táirgí iascaigh a fheabhsú.

Déanfaidh oibreoirí atá ag iascach tuinníní iarracht cuid de na gabhálacha a gabhadh in uiscí Cabo Verde a thabhairt i dtír. Féadfar an ghabháil arna tabhairt i dtír a dhíol le fiontair áitiúla ar phraghas a shocrófar le hidirbheartaíocht idir na hoibreoirí.

Beidh cur chun feidhme na straitéise atá dírithe ar ráta na ngabhálacha a thugtar i dtír a mhéadú agus ar dhea-ord oibre an bhonneagair calafoirt agus próiseála faoi réir faireachán rialta ag an gComhchoiste, tar éis dul i gcomhairle leis na hoibreoirí lena mbaineann.

Cuirfidh údaráis Cabo Verde na bearta is gá i bhfeidhm chun rochtain ar chalafort a éascú do shoithí de chuid an Aontais maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

---

[10] Tag. Moladh CITAC 21-15 Foscríbhinn 3, mír 3.1.

[11] Tag. Moladh CITAC 21-15 Foscríbhinn 3, mír 3.3 agus Foscríbhinn 1.

## CAIBIDIL VI

## RIALÚ AGUS INIÚCHADH

1. Dul isteach i limistéar iascaireachta Cabo Verde agus imeacht as

Maidir le soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige dul isteach i limistéar iascaireachta Cabo Verde nó imeacht as, ní mór dó fógra a thabhairt do Cabo Verde faoi laistigh de 3 uair an chloig roimh an dul isteach nó an imeacht.

Nuair a bheidh fógra á thabhairt ag an soitheach go bhfuil sé ag dul isteach nó ag imeacht, sonróidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(a) an dáta, an t-am agus an pointe seolta a sceidealaíodh;

(b) cainníocht gach speicis a choimeádtar ar bord, arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO agus arna shloinneadh i gcileagraim beomheáchain nó, más gá, i líon na n-iasc aonair;

Má chuirtear an t-imeacht ar ceal, ní mór fógra a thabhairt ina leith a luaithe is féidir freisin. Tabharfar fógra maidir le dul isteach agus imeacht mar ábhar tosaíochta trí ERS nó, ina éagmais sin, trí ríomhphost nó ar an raidió. Cuirfidh Cabo Verde na soithí lena mbaineann agus an tAontas ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an seoladh ríomhphoist nó ar mhinicíocht an tarchuir.

Aon soitheach a fhaightear i mbun iascaireachta i limistéar iascaireachta Cabo Verde gan fógra a thabhairt sula ndeachaigh sé isteach ann, measfar gur soitheach é atá ag sárú na rialacha.

Tabharfar fógra mar ábhar tosaíochta trí ERS nó i gcás mhífheidhmiú an chórais, trí ríomhphost. Cuirfidh údaráis Cabo Verde na soithí lena mbaineann agus an tAontas ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an seoladh ríomhphoist.

2. Sonraí shuímh na soithí VMS – gléas faireacháin an tsoithigh

Ní mór do gach soitheach de chuid an Aontais atá údaraithe faoin bPrótacal seo a bheith feistithe le gléas faireacháin an tsoithigh, gléas a bheidh ag feidhmiú go hiomlán agus é nasctha, lena mbeifear in ann é a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch le gaireas rianaithe, a bhuí le sonraí suímh an tsoithigh a bheith á dtarchur go huathoibríoch go tráthrialta, dá ngairfear sonraí VMS anseo feasta.

Beidh toirmeasc ar an ngaireas rianaithe leanúnaigh a bhogadh, a dhícheangal, a scriosadh, a dhamáistiú nó a chur ó mhaith trí úsáid a bhaint as cumarsáid satailíte a chuirtear ar bord an tsoithigh chun sonraí a tharchur nó chun sonraí a astaítear nó a thaifeadtar leis an gcóras sin a athrú, a atreorú nó a fhalsú d’aon ghnó.

Agus iad i limistéar iascaireachta Cabo Verde, ní mór do shoithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu a áirithiú go gcuirtear a suíomh in iúl go huathoibríoch agus go leanúnach, gach uair an chloig, do Lárionad Faireacháin Iascaigh (LFI) a Stáit brataí. Cuirfear na sonraí sin ar fáil do Cabo Verde i gcomhréir leis na sonraíochtaí a leagtar amach i bhFoscríbhinn 5.

Ní mheasfar soithí de chuid an Aontais a bheith neamhchomhlíontach i gcás cliseadh teicniúil i dtarchur sonraí VMS idir na LFInna lena mbaineann.

Le gach teachtaireacht suímh, soláthrófar suíomh geografach is déanaí an tsoithigh (domhanfhad, domhanleithead) le lamháil earráide is lú ná 500 méadar agus eatramh muiníne 99 %; agus an fhaisnéis san fhormáid a shonraítear i bhFoscríbhinn 5.

3. Iniúchtaí

Is iad soithí agus cigirí Cabo Verde, a shainaithneofar go soiléir gur sannadh iad chun seiceálacha iascaireachta a dhéanamh, a dhéanfaidh iniúchadh ar muir i limistéar iascaireachta Cabo Verde, nó i gcalafort, ar shoithí de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta acu.

Roimh dhul ar bord, cuirfidh cigirí Cabo Verde soitheach an Aontais ar an eolas maidir lena gcinneadh iniúchadh a dhéanamh. Beirt chigirí ar a mhéad a dhéanfaidh an chigireacht, agus ní mór dóibh cruthúnas a sholáthar ar a gcéannacht agus ar a bpost oifigiúil mar chigire sula ndéanfaidh siad an t-iniúchadh.

Ní fhanfaidh cigirí Cabo Verde ar bord an tsoithigh de chuid an Aontais ach ar feadh an ama is gá chun na cúraimí a bhaineann leis an iniúchadh a dhéanamh. Déanfaidh siad an t-iniúchadh ar bhealach a n-íoslaghdóidh an tionchar ar an soitheach, ar a ghníomhaíocht iascaireachta agus ar a lasta.

Déanfaidh captaen an tsoithigh de chuid an Aontais bordáil agus obair chigirí Cabo Verde a éascú.

Ag deireadh gach iniúchta, déanfaidh chigirí Cabo Verde tuarascáil iniúchóireachta a tharraingt suas. Beidh sé de cheart ag captaen an tsoithigh de chuid an Aontais a bharúlacha a chur leis an tuarascáil iniúchóireachta. Is iad na daoine seo a leanas a shíneoidh an tuarascáil iniúchóireachta: an cigire a tharraing suas í agus captaen an tsoithigh de chuid an Aontais.

Tabharfaidh cigirí Cabo Verde cóip den tuarascáil iniúchta do chaptaen an tsoithigh de chuid an Aontais sula bhfágfaidh sé an soitheach. Seolfaidh Cabo Verde cóip den tuarascáil iniúchta chuig an Aontas laistigh de thréimhse 8 lá tar éis na cigireachta.

Féadfaidh údaráis Cabo Verde a údarú d’údaráis an Aontais páirt a ghlacadh in iniúchadh mar bhreathnóir.

4. Iniúchtaí comhpháirteacha

Ar bhonn measúnú riosca, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go ndéanfaidh siad iniúchtaí comhpháirteacha ar shoithí de chuid an Aontais, go háirithe le linn oibríochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe, chun a áirithiú go gcomhlíonfar reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht Cabo Verde araon. Le linn do na cigirí arna n-imlonnú ag na Páirtithe a gcuid dualgas a chomhlíonadh, cloífidh siad leis na forálacha maidir le hiniúchtaí dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais agus i reachtaíocht Cabo Verde faoi seach.

Féadfaidh na Páirtithe, i gcomhthéacs a gcuid freagrachtaí mar Stáit bhrataí agus mar Stáit chósta, cinneadh a dhéanamh a bheith ag oibriú i gcomhar ar ghníomhaíochtaí rialaithe, de bhun a gcuid reachtaíochta ábhartha. Ina theannta sin, ar iarraidh a fháil ón Aontas, féadfaidh

údaráis Cabo Verde a údarú do chigirí iascaigh ó Bhallstáit de chuid an Aontais iniúchtaí a dhéanamh ar shoithí de chuid an Aontais a bhfuil a mbratach ar foluain acu laistigh de theorainneacha a n-inniúlachta faoina ndlí náisiúnta.

I gcás nach gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo, forchoimeádann údaráis Cabo Verde an ceart chun údarú iascaireachta an tsoithigh chiontaigh de chuid an Aontais a chur ar fionraí go dtí go mbeidh na foirmiúlachtaí curtha i gcrích agus chun an pionós a leagtar síos i reachtaíocht Cabo Verde a chur i bhfeidhm. Cuirfear Ballstát brataí an Aontais agus an tAontas ar an eolas faoi sin.

5. Faireachán rannpháirteach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na hiascaireachta NNN

Chun an comhrac in aghaidh na hiascaireachta NNN a neartú, gach soitheach a bheidh i limistéar iascaireachta Cabo Verde atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí amhrasta a d’fhéadfadh a bheith ina iascaireacht NNN, déanfaidh captaein na soithí de chuid an Aontais iad a thuairisciú, agus soláthróidh siad a mhéid faisnéise agus is féidir maidir leis an méid a bhí le feiceáil. Seolfar tuarascálacha amhairc gan mhoill chuig údaráis Cabo Verde agus chuig údarás inniúil Bhallstát brataí an tsoithigh óna bhfuarthas an t-amharc ar na gníomhaíochtaí amhrasta sin, a tharchuirfidh láithreach iad chuig an Aontas nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú aige. Seolfaidh údaráis Cabo Verde gach tuarascáil amhairc a bheidh acu ar shoithí an Aontais a bheith i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN i limistéar iascaireachta Cabo Verde.

## CAIBIDIL VII
## SÁRAITHE

1. Láimhseáil sáruithe

Ní mór aon sárú arna dhéanamh ag soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige faoin Iarscríbhinn seo a lua i dtuarascáil iniúchta.

Beidh síniú na tuarascála cigireachta ag an gcaptaen gan dochar do cheart cosanta an oibreora in aghaidh an tsáraithe a ndearnadh gearán ina leith.

2. Dul ar bord soithigh – cruinniú faisnéise

Má dhéantar foráil i reachtaíocht Cabo Verde atá i bhfeidhm maidir leis an sárú a ndearnadh gearán ina leith, féadfar a cheangal ar aon soitheach de chuid an Aontais a rinne sárú scor dá ghníomhaíocht iascaireachta agus, i gcás ina mbeidh an soitheach ar muir, filleadh ar chalafort Cabo Verde.

Tabharfaidh Cabo Verde fógra don Aontas laistigh d’aon lá oibre ar a mhéad faoi shoitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige a choinneáil. Ní mór an fógra a sheoladh in éineacht le heilimintí lena dtugtar údar leis an gcoinneáil.

Sula ndéanfaidh sé aon bheart in aghaidh an tsoithigh, an chaptaein, an chriú nó an lastais, cé is moite de bhearta arb é is aidhm dóibh fianaise a chosaint, eagróidh Cabo Verde, arna iarraidh sin don Aontas, laistigh de lá oibre amháin tar éis fógra a thabhairt faoi choinneáil an tsoithigh, cruinniú faisnéise chun na fíricí a shoiléiriú as ar eascair coinneáil an tsoithigh agus

chun míniú a thabhairt ar an ngníomhaíocht bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh. Féadfaidh ionadaí Stát brataí an tsoithigh a bheith i láthair ag an gcruinniú faisnéise sin.

3. Pionós mar gheall ar shárú – nós imeachta um réiteach

Socróidh Cabo Verde an pionós as an sárú a ndearnadh gearán faoi i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm.

I gcás ina mbainfidh imeachtaí breithiúnacha le réiteach an tsáraithe, sula dtionscnófar iad, agus ar choinníoll nach mbaineann gníomh coiriúil leis an sárú, tionscnófar nós imeachta um réiteach idir údarás Cabo Verde agus an tAontas chun téarmaí agus leibhéal an phionóis a chinneadh. Féadfaidh ionadaí Stát brataí an tsoithigh a bheith rannpháirteach sa nós imeachta sin um réiteach. Tiocfaidh deireadh leis an nós imeachta um réiteach 3 lá ar a dhéanaí tar éis fógra a thabhairt faoi choinneáil an tsoithigh.

4. Imeachtaí breithiúnacha – urrús bainc

Má theipeann ar an nós imeachta um réiteach agus má thugtar an sárú os comhair na cúirte inniúla, déanfaidh an t-oibreoir soithigh a rinne an sárú urrús bainc a thaisceadh i mbanc arna ainmniú ag Cabo Verde, agus cumhdófar le méid an urrúis, arna socrú ag Cabo Verde, na costais a bhaineann leis an soitheach a choinneáil, an fhíneáil mheasta agus aon chúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní fhéadfar an t-urrús bainc a aisghabháil go dtí go gcuirfear na himeachtaí breithiúnacha i gcrích.

Scaoilfear an t-urrús bainc agus tabharfar ar ais don oibreoir é díreach tar éis don bhreithiúnas a bheith tugtha:

(a) ina iomláine, murar gearradh aon phionós;

(b) tabharfar ar ais méid an iarmhéid atá fágtha, más fíneáil atá sa phionós atá níos lú ná méid an urrúis bainc.

Cuirfidh Cabo Verde an tAontas ar an eolas faoi thoradh na n-imeachtaí breithiúnacha laistigh de 8 lá tar éis thabhairt an bhreithiúnais.

5. Scaoileadh an tsoithigh agus an chriú

Údarófar don soitheach agus dá chriú an calafort a fhágáil a luaithe a réiteofar an pionós arna eascairt as an nós imeachta um réiteach, nó a luaithe a thaiscfear an t-urrús bainc.

## CAIBIDIL VIII

## FOSTAÍOCHT IASCAIRÍ ACC AR BORD SOITHÍ DE CHUID AN AONTAIS

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'úinéir soithigh iascaireachta' úinéir an tsoithigh nó aon eintiteas nó duine eile, amhail an bainisteoir, an gníomhaire nó an cairtfhostóir lánchostais, a ghlac an fhreagracht as oibriú an tsoithigh ón úinéir agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann dhualgais agus oibleagáidí na n-úinéirí soithí iascaireachta faoin gCoinbhinsiún seo, is cuma cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann eintitis nó daoine eile cuid de na dualgais nó de na freagrachtaí sin thar a gceann

1. An líon iascairí ACC is gá a thabhairt ar bord

1.1. Tabharfaidh an t-úinéir soithigh iascaireachta iascairí de chuid na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (dá ngairtear 'ACC' anseo feasta) ar bord chun oibriú ar bord a shoithigh mar bhaill den chriú fad a mhairfidh gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh faoin bPrótacal.

1.2. Is mar seo a leanas a bheidh an t-íoslíon iascairí atá le tabhairt ar bord i gcomhréir le pointe 1.1:

(a) tabharfaidh cabhlach na mbád saighne tuinníní seisear iascairí ar a laghad ar bord;

(b) tabharfaidh an cabhlach soithí tuinníní cleithe agus dorú beirt iascairí ar a laghad ar bord;

(c) tabharfaidh cabhlach na mbád spiléireachta dromchla cúigear iascairí ar a laghad ar bord.

úinéirí soithí iascaireachta a bhíonn ag iascaireacht i soithí de chuid an Aontais, déanfaidh siad iarracht maraithe bhreise ó Cabo Verde a fhostú ar bord.

1.3. Na hiascairí atá le tabhairt ar bord de bhun phointe 1.1, comhlíonfaidh siad ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle[12], lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an bpas, le leabhar mairnéalaigh, leis an deimhniú leighis agus leis an mbundeimhniú oiliúna. Cuirfidh an Stát brataí liosta na gceanglas a eascraíonn as an reachtaíocht sin in iúl d'údaráis Cabo Verde luath go leor roimh ré. Na hiascairí ACC atá le tabhairt ar bord i gcomhréir le pointe 1.1, beidh siad in ann an teanga oibre atá bunaithe ar bord an tsoithigh iascaireachta a thuiscint, orduithe agus treoracha a thabhairt agus tuairisciú sa teanga sin.

1.4. Déanfaidh údaráis inniúla Cabo Verde liosta de na hiascairí inniúla a tharraingt suas, a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta agus a chur in iúl d'úinéirí soithí iascaireachta.

1.5. Déanfaidh an máistir báid liosta an chriú a tharraingt suas, a nuashonrú agus a shíniú i gcomhréir le Foirm 5 de Choinbhinsiún IMO maidir le Muirthrácht Idirnáisiúnta a Éascú (Coinbhinsiún FAL), agus cuirfidh sé cóip den liosta sin ar aghaidh chuig údaráis ainmnithe Cabo Verde sula bhfágfaidh an soitheach limistéar an chalafoirt.

1.6. Diúltóidh an t-úinéir soithigh iascaireachta nó, diúltóidh an máistir thar ceann an úinéara, iascaire a ligean ar bord ar a shoitheach mura gcomhlíonann an t-iascaire sin na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 1.3.

2. Dálaí oibre

Na dálaí faoina dtabharfar iascairí ACC ar bord, beidh siad i gcomhréir le reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle, lena n-áirítear a mhéid a

[12] Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú i dtaca le cur chun feidhme Choinbhinsiún 2007 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, a tugadh i gcrích an 21 Bealtaine 2012 idir an Coiste Ginearálta um Chomhar Talmhaíochta san Aontas Eorpach (COGECA), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF) agus Comhlachas Eagraíochtaí Náisiúnta na bhFiontar Iascaireachta san Aontas Eorpach (Europêche) (*IO L 25, 31.1.2017, lch. 12).*

bhaineann le huaireanta oibre nó uaireanta scíthe, cearta aisdúichithe agus sábháilteacht agus sláinte cheirde.

3. Comhaontú fostaíochta an iascaire

3.1. I gcás gach iascaire a bheidh a fostaítear ar bord soithigh de chuid an Aontais i gcomhréir le pointe 1.1, déanfaidh an t-iascaire agus an fostóir araon comhaontú fostaíochta i scríbhinn a chaibidliú agus a shíniú.

3.2. Beidh an Comhaontú i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Stáit brataí lena dtrasuitear Treoir (AE) 2017/159 ón gComhairle (Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir).

4. Luach saothair na n-iascairí

4.1. Íocfar costas an luacha saothair agus na costais saothair bhreise go díreach nó, i gcás inar seirbhís phríobháideach sa mhargadh saothair é fostóir an iascaire, íocfaidh úinéir an tsoithigh iascaireachta go hindíreach iad.

4.2. Ba cheart tuarastal ráthaithe míosúil nó tráthrialta a íoc le hiascairí ACC, trí aistriú bainc más féidir, beag beann ar ghabhálacha iarbhír agus/nó díolacháin éisc. Bunófar é trí chomhaontú frithpháirteach idir na húinéirí soithí iascaireachta nó a ngníomhairí agus na maraithe agus/nó a gceardchumainn nó a n-ionadaithe. I gcás nár tugadh comhaontuithe comhchoiteanna i gcrích agus nach bhfuil feidhm ag bunphá íosta na Stát brataí, ní fhéadfaidh na bunchoinníollacha pá a thugtar d'iascairí ACC a bheith níos ísle ná na bunchoinníollacha pá a chuirtear i bhfeidhm maidir le criúnna óna dtíortha faoi seach ná, in imthosca ar bith, caighdeáin EIS do mharaithe arb é is aidhm dóibh líontán sábhála idirnáisiúnta a bhunú chun obair chuibhiúil maraithe a chosaint agus rannchuidiú leis an bpá sin a áirithiú.

4.3. Na costais fhéideartha a bhfuil baint acu le híocaíochtaí a fuarthas, ní gá d'iascairí iad a iompar. Tabharfar caoi d'iascairí chun na híocaíochtaí uile a gheofar, nó cuid díobh, lena n-áirítear réamhíocaíochtaí, a sheoladh chuig a dteaghlach saor in aisce.

4.4. Ní mór don iascaire duillín pá a fháil ar gach íocaíocht dá thuarastal agus, má iarrann sé amhlaidh, cruthúnas gur íocadh an tuarastal.

5. Slándáil shóisialta

Áiritheoidh Cabo Verde go mbeidh iascairí a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a chríoch maille lena gcuid cleithiúnaithe, a mhéid a fhoráiltear dó leis an dlí náisiúnta, i dteideal cosaint shóisialta faoi choinníollacha atá chomh fabhrach céanna leis na coinníollacha is infheidhme maidir le hoibrithe eile, go háirithe oibrithe agus daoine féinfhostaithe, a bhfuil gnáthchónaí orthu ar a chríoch.

6. Seirbhísí príobháideacha mhargadh an tsaothair

6.1. Seo a leanas seirbhísí príobháideacha arna soláthar ag margadh an tsaothair:

(a) seirbhís earcaíochta agus socrúcháin, i.e. aon duine, cuideachta, institiúid, gníomhaireacht nó eagraíocht eile de chuid na hearnála poiblí nó príobháidí atá i mbun iascairí a earcú nó a shuíomh thar ceann úinéirí soithí iascaireachta;

(b) gníomhaireacht phríobháideach fostaíochta, i.e. aon duine, aon chuideachta, aon institiúid, aon ghníomhaireacht nó aon eagraíocht eile de chuid na hearnála príobháidí a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le fostú nó le hearcú iascairí d'fhonn iad a chur ar fáil d'úinéirí soithí iascaireachta a shannann cúraimí dóibh agus a dhéanann maoirseacht ar chomhlíonadh na gcúraimí sin.

6.2. Áiritheoidh údaráis inniúla Cabo Verde an méid seo a leanas maidir le gníomhairí Cabo Verde a sholáthraíonn seirbhísí príobháideacha sa mhargadh saothair d'iascairí agus d'úinéirí soithí iascaireachta araon:

(a) gan úsáid a bhaint as modhanna, sásraí nó liostaí atá dírithe ar iascairí a chosc nó a dhíspreagadh ó fhostaíocht a fháil;

(b) gan táillí ná costais eile a ghearradh ar iascairí, in airgead tirim ná i gcomhchineál, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach, as na seirbhísí atá á soláthar acu i margadh an tsaothair;

(c) gan iasachtaí a dheonú ná earraí nó seirbhísí a sholáthar don iascaire a mhéid a chaithfidh an t-iascaire iad a aisíoc nó íoc astu;

(d) gan íocaíocht nó aisíocaíocht iasachtaí, earraí nó seirbhísí a sholáthraítear roimh fhostaíocht an iascaire a dhealú ó luach saothair an iascaire; agus

(e) a áirithiú:

(i) go gcomhlíonann comhaontú fostaíochta an iascaire an Chaibidil seo, na dlíthe, na rialacháin agus na comhaontuithe comhchoiteanna lena rialaítear comhaontú fostaíochta an iascaire;

(ii) go ndéantar comhaontú fostaíochta an iascaire a scríobh i dteanga a thuigeann an t-iascaire agus i dteanga oifigiúil nó oibre shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann;

(iii) go gcuirfear na hiascairí atá fostaithe ar an eolas, sula síneofar a gcomhaontú fostaíochta, faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí;

(iv) go ndéantar na bearta is gá chun a chur ar chumas na n-iascairí atá i mbun scrúdú a dhéanamh ar théarmaí a gcomhaontaithe fostaíochta agus comhairle a lorg ina leith sula síníonn siad é;

(v) go bhfaigheann iascairí fostaithe cóip shínithe dá gcomhaontú fostaíochta;

(vi) go gcomhlíonfaidh iascairí a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo; agus

(vii) go bhfaighidh an t-úinéir soithigh iascaireachta in am trátha cóip de gach duillín pá agus cruthúnas gur íocadh gach íocaíocht luach saothair má íocann an gníomhaire an luach saothair.

6.3. Áiritheoidh údaráis inniúla Cabo Verde go léireoidh gníomhairí Cabo Verde a fhostaíonn iascairí chun iad a phostú ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais go soiléir i gcomhaontuithe rannpháirtíochta an iascaire a fhostaíonn siad ar bord leis na hiascairí sin go bhfuil an t-iascaire lena mbaineann fostaithe ag an ngníomhaire chun é a chur ar fáil d'úinéirí

soithí iascaireachta a shannann cúraimí dóibh agus a dhéanann maoirseacht ar fheidhmiú na gcúraimí sin.

6.4. De mhaolú ar phointe 6.2 (b), is ar an iascaire nó ar dhuine nó eagraíocht eile arna gcinneadh leis an reachtaíocht is infheidhme, le comhaontú fostaíochta nó le comhaontú comhchoiteann an iascaire, i gcás inarb infheidhme, a bheidh na costais a bhaineann le leabhar mairnéalaigh, teastas leighis agus pas a fháil. Is é an fostóir a íocfaidh na costais a bhaineann le víosa agus cead oibre a fháil, i gcás inarb infheidhme.

7. Comhlíonadh na Caibidle seo

7.1. Áiritheoidh údaráis inniúla an dá Pháirtí go mbeidh an reachtaíocht is infheidhme maidir le hiascairí inrochtana go héasca agus saor in aisce i bhfoirm chuimsitheach thrédhearcach.

7.2. Áiritheoidh údaráis Cabo Verde cur chun feidhme cuí na Caibidle seo i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo.

7.3. Áiritheoidh údaráis an Stáit brataí go gcuirfear Ranna 1, 2 agus 3 i bhfeidhm go cuí ar bord soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Feidhmeoidh siad a bhfreagracht i gcomhréir le Treoracha EIS maidir leis an iniúchadh ag an Stát brataí ar dhálaí maireachtála agus oibre ar bord soithí iascaireachta.

7.4. Beidh an t-úinéir soithigh iascaireachta díolmhaithe ó mhéid an chothromráta dá dtagraítear i bpointe 7.4 a íoc sna cásanna seo a leanas:

— is cosúil nach gcomhlíonann an t-iascaire atá beartaithe sa liosta dá dtagraítear i bpointe 1.4 na ceanglais a leagtar amach i bpointe 1.3;

— ní thagann an t-iascaire a bhfuil comhaontú fostaíochta sínithe aige de bhun phointe 3.1 i láthair an mháistir báid ar an dáta agus ag an am a shonraítear ina chomhaontú fostaíochta;

— ní sholáthraíonn údaráis Cabo Verde an liosta dá dtagraítear i bpointe 1.4.

7.5. Déanfaidh an Comhchoiste comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a rialú.

8. Gan iascairí a thabhairt ar bord

Na húinéirí soithí iascaireachta a bhaineann leis na soithí nach dtugann iascairí Cabo Verde ar bord, íocfaidh siad cnapshuim EUR 20 in aghaidh an lae ar a bhfuil a soithí i limistéar iascaireachta Cabo Verde roimh an 30 Meán Fómhair den bhliain reatha, le haghaidh gach mairnéalach faoi bhun an lín a leagtar síos i mír 1.

## CAIBIDIL IX

## BREATHNÓIRÍ

1. Breathnóireacht ar na gníomhaíochtaí iascaireachta

Go dtí go gcuirfear córas breathnóirí réigiúnacha chun feidhme, na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta Cabo Verde faoin gComhaontú, tabharfaidh

siad ar bord, in ionad breathnóirí réigiúnacha, breathnóirí arna n-ainmniú ag Cabo Verde i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Na soithí a bhfuil údarú iascaireachta acu, beidh siad faoi réir scéim chun breathnú ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanfar faoin gComhaontú.

Beidh an scéim bhreathnóireachta sin i gcomhréir leis na forálacha dá bhforáiltear sna moltaí arna nglacadh ag CITAC.

2. Soithí agus breathnóirí ainmnithe

Gan dochar d'fhorálacha mhír 1 den Chaibidil seo, geallann na Páirtithe dálaí teicniúla agus lóistíochta a chruthú chun gur féidir líon íosta breathnóirí a thabhairt ar bord faoi na coinníollacha agus na teorainneacha seo a leanas:

(a) I gcás chabhlach na mbád saighne tuinnín, tabharfar breathnóir eolaíoch amháin ar a laghad ar bord in aghaidh an tsoithigh, agus sin suas le trí (3) shoitheach ar a mhéad a léireofar ar bhonn randamach.

(b) I gcás an chabhlaigh spiléireachta, tabharfar breathnóir eolaíoch amháin ar a laghad ar bord in aghaidh an tsoithigh agus sin suas le trí (3) shoitheach ar a mhéad a léireofar ar bhonn randamach.

(c) I gcás an chabhlaigh cleithe agus dorú, tabharfar breathnóir eolaíoch amháin ar a laghad ar bord in aghaidh an tsoithigh, agus sin suas le dhá (2) shoitheach ar a mhéad a léireofar ar bhonn randamach.

Ainmneoidh Cabo Verde na soithí de chuid an Aontais nach mór cead a thabhairt do bhreathnóir dul ar bord agus ainmneoidh sé an breathnóir a shannfar dóibh 15 lá ar a dhéanaí roimh an dáta dá bhforáiltear maidir leis an mbreathnóir a thabhairt ar bord.

Agus an t-údarú iascaireachta á eisiúint aige, cuirfidh Cabo Verde an tAontas agus an t-oibreoir, nó a ghníomhaire, ar an eolas faoi na soithí agus na breathnóirí atá ainmnithe, chomh maith leis an am a bhfuil an breathnóir ar bord gach soithigh. Cuirfidh Cabo Verde an tAontas agus an t-oibreoir, nó a ghníomhaire, ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na soithí agus na breathnóirí ainmnithe.

Féachfaidh Cabo Verde leis gan breathnóirí a ainmniú le haghaidh soithí a bhfuil breathnóir ar bord acu cheana féin, nó a bhfuil oibleagáid fhoirmiúil orthu cheana breathnóir a thabhairt ar bord le linn an tséasúir iascaireachta i dtrácht mar chuid dá ngníomhaíochtaí i limistéir iascaireachta seachas limistéar Cabo Verde.

Ní chaithfidh na breathnóirí níos mó ama ar bord an tsoithigh ná mar is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh.

Ní mór an oiliúint is gá a bheith curtha ar gach breathnóir ar bord soithigh de chuid an Aontais chun a shábháilteacht ar bord a áirithiú agus chun dualgais an bhreathnóra atá le déanamh a chomhlíonadh.

Cuirfidh Cabo Verde oiliúint ar fáil dá bhreathnóirí. Maidir leis an oiliúint a chuirfear ar bhreathnóirí, áireofar inti cur san áireamh na nósanna imeachta a chuirfear ar bun le haghaidh breathnóireachta ar bord shoithí de chuid an Aontais, agus é d'aidhm acu cláir breathnóirí náisiúnta a chomhchuibhiú agus a chomhordú.

Comhaontaíonn na Páirtithe féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as faireachán leictreonach mar chuid dá gcláir bhreathnóireachta. Oibreoidh Cabo Verde agus an tAontas i gcomhar leis na Stáit chósta eile in oirthear an Aigéin Atlantaigh, d'fhonn tacú le cur chun feidhme comhbheartaithe réigiúnach na gclár breathnóirí, faoi chuimsiú CITAC.

3. Ranníocaíocht airgeadais ar ráta comhréidh

Nuair a íocfar an muirear, íocfaidh an t-oibreoir méid comhréidh EUR 200 in aghaidh na bliana le Cabo Verde le haghaidh gach soithigh.

4. Tuarastal an bhreathnóra

Is é Cabo Verde a iompróidh tuarastal agus ranníocaíochtaí sóisialta an bhreathnóra.

5. Coinníollacha bordála

Déanfar coinníollacha bordála an bhreathnóra, go háirithe an fad a bheidh sé i láthair ar bord, a shainiú trí chomhaontú frithpháirteach idir an oibreoir nó a ghníomhaire agus Cabo Verde.

Is mar oifigigh a dhéileálfar le breathnóirí ar bord. Mar sin féin, cuirfear struchtúr teicniúil an tsoithigh san áireamh maidir le cóiríocht an bhreathnóra ar bord.

Is ar an oibreoir a thiteann costas na cóiríochta agus an bhia ar bord an tsoithigh.

Déanfaidh an captaen gach beart laistigh dá réimse freagrachta chun sábháilteacht fhisiceach agus folláine ghinearálta an bhreathnóra a áirithiú.

Tabharfar gach saoráid is gá don bhreathnóir chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh. Beidh rochtain aige ar mhodhanna cumarsáide agus ar dhoiciméid a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh, go háirithe an logleabhar iascaireachta agus an loga loingseoireachta, agus ar na codanna den soitheach a bhaineann go díreach lena cúraimí.

6. Oibleagáid an bhreathnóra

Fad a bheidh an breathnóir ar bord, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé gach beart iomchuí ionas nach gcuirfear stop leis na hoibríochtaí iascaireachta ná nach gcuirfear bac orthu;

(b) tabharfaidh sé urraim do na hearraí agus don trealamh atá ar bord;

(c) tabharfaidh sé urraim do rúndacht gach doiciméid ar leis an soitheach é.

7. An breathnóir a thabhairt ar bord agus a thabhairt i dtír

Tabharfar an breathnóir ar bord i gcalafort a roghnóidh an t-oibreoir.

10 lá roimh an mbreathnóir a thabhairt ar bord, tabharfaidh an t-oibreoir nó a ionadaí fógra do LFI Cabo Verde faoin dáta agus faoin am a thabharfar ar bord é, mar aon leis an gcalafort bordála. I gcás ina dtabharfar an breathnóir ar bord i dtír eachtrach, is é an t-oibreoir a iompróidh a chostais taistil chun an calafort bordála a bhaint amach.

Mura dtagann an breathnóir i láthair chun dul ar bord laistigh de 12 uair an chloig ón dáta agus ón am sceidealta, scaoilfear an t-oibreoir go huathoibríoch ón oibleagáid atá air an breathnóir a thabhairt ar bord. Beidh cead aige an calafort a fhágáil agus dul i mbun oibríochtaí iascaireachta.

I gcás nach dtabharfar an breathnóir i dtír i gcalafort de chuid Cabo Verde, is ar an oibreoir a bheidh an costas a bhaineann leis an mbreathnóir a aisdúichiú chuig Cabo Verde a luaithe is féidir.

8. Cúraimí an bhreathnóra

Déanfaidh an breathnóir na cúraimí seo a leanas:

a) breathnóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh;

b) suíomh an tsoithigh a dheimhniú le linn a chuid oibríochtaí iascaireachta;

c) sampláil bhitheolaíoch a dhéanamh i gcomhthéacs clár eolaíochta;

d) taifead a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta a úsáidtear;

e) na sonraí gabhála a thógtar i limistéar iascaireachta Cabo Verde a thaifeadtar sa logleabhar a fhíorú;

f) céatadáin na bhfoghabhálacha a fhíorú agus meastachán a dhéanamh ar na gabhálacha a aischuireadh;

g) a bharúlacha a chur in iúl trí bhíthin raidió, facs nó ríomhphost, uair sa tseachtain ar a laghad nuair atá an soitheach ag oibriú i limistéar iascaireachta Cabo Verde, lena n-áirítear tonnáiste na ngabhálacha agus na bhfoghabhálacha ar bord.

9. Tuarascáil ón mbreathnóir

Sula bhfágfaidh an breathnóir an soitheach, cuirfidh sé tuarascáil ar a chuid barúlacha faoi bhráid chaptaen an tsoithigh. Beidh sé de cheart ag captaen an tsoithigh tráchtanna a dhéanamh sa tuarascáil ón mbreathnóir. Déanfaidh an breathnóir agus an captaen araon an tuarascáil a shíniú. Gheobhaidh an captaen cóip de thuarascáil an bhreathnóra.

Cuirfidh an breathnóir a thuarascáil faoi bhráid Cabo Verde, a sheolfaidh cóip di chuig an Aontas laistigh de 8 lá féilire tar éis dhíbhordáil an bhreathnóra.

---

**FOSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

Foscríbhinn 1 – Limistéar iascaireachta Cabo Verde

Foscríbhinn 2 – Bearta teicniúla caomhnúcháin

Foscríbhinn 3 – Sonraí teagmhála le haghaidh na cumarsáide dá bhforáiltear sa phrótacal seo

Foscríbhinn 4 – Foirm iarratais ar údarú

Foscríbhinn 4a - Faisnéis atá le soláthar agus iarratas á dhéanamh ar cheadúnas faoi Phrótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Iascaigh Cabo Verde - Aontas Eorpach

Foscríbhinn 5 – Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um fhaireachán soithí (VMS) agus an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta (ERS)

Foscríbhinn 6 – Próiseáil sonraí pearsanta

## FOSCRÍBHINN 1

## LIMISTÉAR IASCAIREACHTA CABO VERDE

Síneann limistéar iascaireachta Cabo Verde amach suas le 200 muirmhíle ó na bunlínte seo a leanas:

| **Pointí** | **Domhanleithead Ó Thuaidh** | **Domhanfhad Siar** | **Oileán** |
|---|---|---|---|
| A. | 14° 48′ 43,17″ | 24° 43′ 48,85″ | I. Brava |
| C-P1 a Rainha | 14° 49′ 59,10″ | 24° 45′ 33,11″ | — |
| C-P1 a Faja | 14° 51′ 52,19″ | 24° 45′ 09,19″ | — |
| D-P1 Vermelharia | 16° 29′ 10,25″ | 24° 19′ 55,87″ | S. Nicolau |
| E. | 16° 36′ 37,32″ | 24° 36′ 13,93″ | Ilhéu Raso |
| F-P1 a da Peça | 16° 54′ 25,10″ | 25° 18′ 11,00″ | Santo Antão |
| F. | 16° 54′ 40,00″ | 25° 18′ 32,00″ | — |
| G-P1 a Camarín | 16° 55′ 32,98″ | 25° 19′ 10,76″ | — |
| H-P1 a Preta | 17° 02′ 28,66″ | 25° 21′ 51,67″ | — |
| I-P1 A Mangrade | 17° 03′ 21,06″ | 25° 21′ 54,44″ | — |
| J-P1 a Portinha | 17° 05′ 33,10″ | 25° 20′ 29,91″ | — |
| K-P1 a do Sol | 17° 12′ 25,21″ | 25° 05′ 56,15″ | — |
| L-P1 a Sinagoga | 17° 10′ 41,58″ | 25° 01′ 38,24″ | — |
| M-Pta Espechim | 16° 40′ 51,64″ | 24° 20′ 38,79″ | S. Nicolau |
| N-Pta Norte | 16° 51′ 21,13″ | 22° 55′ 40,74″ | Sal |
| O-Pta Casaca | 16° 50′ 01,69″ | 22° 53′ 50,14″ | — |
| P-Ilhéu Cascalho | 16° 11′ 31,04″ | 22° 40′ 52,44″ | Boa Vista |
| Pl-Ilhéu Baluarte | 16° 09′ 05,00″ | 22° 39′ 45,00″ | — |
| Q-Pta Roque | 16° 05′ 09,83″ | 22° 40′ 26,06″ | — |
| R-Pta Flamengas | 15° 10′ 03,89″ | 23° 05′ 47,90″ | Maio |
| S. | 15° 09′ 02,21″ | 23° 06′ 24,98″ | Santiago |
| T. | 14° 54′ 10,78″ | 23° 29′ 36,09″ | — |
| U-D. Maria Pia | 14° 53′ 50,00″ | 23° 30′ 54,50″ | I. de Fogo |
| V-Pta Pesqueiro | 14° 48′ 52,32″ | 24° 22′ 43,30″ | I. Brava |

| | | | |
|---|---|---|---|
| X-Pta Nho Martinho | 14° 48′ 25,59″ | 24° 42′ 34,92″ | — |
| II > | 14° 48′ 43,17″ | 24° 43′ 48,85″ | |

De bhun an chonartha a síníodh an 17 Feabhra 1993 idir Poblacht Cabo Verde agus Poblacht na Seineagáile, is leis na pointí seo a leanas a dhéantar an teorainn mhuirí leis an tSeineagáil a theormharcáil:

| **Pointí** | **Domhanleithead ó thuaidh** | **Domhanfhad siar** |
|---|---|---|
| A | 13° 39′ 00″ | 20° 04′ 25″ |
| B | 14° 51′ 00″ | 20° 04′ 25″ |
| C | 14° 55′ 00″ | 20° 00′ 00″ |
| D | 15° 10′ 00″ | 19° 51′ 30″ |
| E | 15° 25′ 00″ | 19° 44′ 50″ |
| R | 15° 40′ 00″ | 19° 38′ 30″ |
| G | 15° 55′ 00″ | 19° 35′ 40″ |
| H | 16° 04′ 05″ | 19° 33′ 30″ |

De bhun an chonartha a síníodh idir Poblacht Cabo Verde agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, is leis na pointí seo a leanas a dhéantar an teorainn mhuirí idir an dá thír a theormharcáil:

| **Pointí** | **Domhanleithead ó thuaidh** | **Domhanfhad siar** |
|---|---|---|
| H | 16° 04,0′ | 019° 33,5′ |
| I | 16° 17,0′ | 019° 32,5′ |
| J | 16° 28,5′ | 019° 32,5′ |
| K | 16° 38,0′ | 019° 33,2′ |
| L | 17° 00,0′ | 019° 32,1′ |
| M | 17° 06,0′ | 019° 36,8′ |
| N | 17° 26,8′ | 019° 37,9′ |
| É | 17° 31,9′ | 019° 38,0′ |
| P | 17° 44,1′ | 019° 38,0′ |
| Q | 17° 53,3′ | 019° 38,0′ |

| | | |
|---|---|---|
| R | 18° 02,5′ | 019° 42,1′ |
| S | 18° 07,8′ | 019° 44,2′ |
| T | 18° 13,4′ | 019° 47,0′ |
| U | 18° 18,8′ | 019° 49,0′ |
| V | 18° 24,0′ | 019° 51,5′ |
| X | 18° 28,8′ | 019° 53,8′ |
| Y | 18° 34,9′ | 019° 56,0′ |
| Z | 18° 44,2′ | 020° 00,0′ |

## FOSCRÍBHINN 2

## BEARTA TEICNIÚLA CAOMHNIÚCHÁIN

### 1. Bearta is infheidhme maidir le gach catagóir:

(a) Speicis atá faoi thoirmeasc:

I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine agus le rúin CITAC, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar roc na caille (*Manta birostris*), an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus*), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharías*), an siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*), siorcanna ceann casúir san fhine *Sphyrnidae* (seachas an siorc ceann casúir), an siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*) agus an síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*).

I gcomhréir le reachtaíocht Cabo Verde, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar an míolsiorc (*Rhincondon typus*).

Toirmeasc ar eití siorcanna a bhaint: Tá toirmeasc ar eití siorcanna a bhaint ar bord soithí agus eití siorcanna a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Gan dochar don mhéid thuas, féadfar eití siorcanna a pháirtsliseadh agus iad a fhilleadh siar ar an gconablach chun an stóráil ar bord a éascú, ach ní fhéadfar iad a bhaint den chonablach sula dtugtar í dtír é.

(b) Trasloingsiú ar muir:

Tá toirmeasc ar an trasloingsiú ar muir. Ní mór an oibríocht trasloingsithe a dhéanamh in uiscí calafoirt de chuid Cabo Verde atá údaraithe chun na críche sin.

### 2. Bearta sonracha

### BILEOG 1: SOITHÍ TUINNÍNÍ CLEITHE AGUS DORÚ

(1) Limistéar iascaireachta: níos faide ná 12 mhuirmhíle ón mbunlíne.

(2) Trealamh údaraithe: cleith agus dorú.

(3) Spriocspeicis: tuinnín buí (*Thunnus albacares*), tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*), tuinnín aigéanach (*Katsuwonus pelamis*).

(4) Foghabhálacha: comhlíonadh mholtaí CITAC agus FAO.

(5) Baoite beo: Iascaireacht baoite bheo

Tá an iascaireacht baoite bheo teoranta do líon laethanta in aghaidh na míosa a bheidh le leagan síos ag an gComhchoiste. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla chun go mbeidh an chatagóir sin in ann an baoite beo a iascach nó a bhailiú, ar baoite é a theastaíonn chun go bhféadfaidh na soithí sin a ngníomhaíocht a dhéanamh. I gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin i limistéir íogaire nó le trealamh neamhghnách, leagtar síos na socruithe sin ar bhonn na moltaí ó Institiúid Eolaíochta Cabo Verde agus i gcomhaontú le húdaráis Cabo Verde.

**BILEOG 2: BÁID SAIGHDE TUINNÍNÍ**

(1) Limistéar iascaireachta: níos faide ná 18 muirmhíle ón mbunlíne, agus cineál oileánrach limistéar iascaireachta Cabo Verde á chur san áireamh.

(2) Trealamh údaraithe: saighean.

(3) Spriocspeicis: tuinnín buí (*Thunnus albacares*), tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*), tuinnín aigéanach (*Katsuwonus pelamis*).

Foghabhálacha: comhlíonadh mholtaí CITAC agus FAO.

**BILEOG 3: BÁID SPILÉIREACHTA DROMCHLA**

(1) Limistéar iascaireachta: níos faide ná 18 mhuirmhíle ón mbunlíne.

(2) Trealamh údaraithe: spiléar dromchla.

(3) Spriocspeicis: colgán (*Xiphias gladius*), siorc gorm (*Prionace glauca*), tuinnín buí (*Thunnus albacares*), tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*).

Foghabhálacha: comhlíonadh mholtaí CITAC agus FAO.

**3. Tabhairt cothrom le dáta**

Rachaidh an dá Pháirtí i gcomhairle le chéile laistigh den Chomhchoiste chun na bearta teicniúla caomhnúcháin sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn moltaí eolaíocha.

**FOSCRÍBHINN 3**

**Sonraí teagmhála le haghaidh na cumarsáide dá bhforáiltear sa phrótacal seo**

I - I gcás an Aontais:

An Coimisiún Eorpach — Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE)
Seoladh poist: Rue Joseph II 99 — 1049 Bruxelles — BELGIQUE
Ríomhphost: MARE-B3@ec.europa.eu

Iarratas ar cheadúnais, bileoga cigireachta, fógraí faoi thuarascálacha ar shárú:
Ríomhphost: MARE-LICENCES@ec.europa.eu

Faireachán ar ghabhálacha:
Ríomhphost: MARE-CATCHES@ec.europa.eu

Nasc ERS VMS trí FLUX:
Ríomhphost: fish-fidesinfo@ec.europa.eu

II - I gcás Cabo Verde :

DNPA- DIREÇÃO NACIONAL DE PESCA E AQUACULTURA
Cova de Inglesa (Edifício do Campus do Mar)
C. Postal 132 Mindelo São Vicente República de Cabo Verde
Teileafón: + 238 230 00 68 / 986 48 25
Ríomhphost: acordo.dgpescas@dgpescas.gov.cv

COSMAR – CENTRO DE OPERAÇÕES DE SEGURANÇA MARÍTIMA
Antigo Aeroporto da Praia- Achada Grande Frente -Ilha Santiago
República de Cabo Verde
Teileafón: + 238 2631043
Ríomhphost: cosmar.secretaria@gmail.com

IGP - INSPEÇÃO GERAL DAS PESCAS
Avenida Marginal, Mindelo, Cape Verde
(Edifício do Ex-Comando Naval, Mindelo São Vicente
C. Postal 34 - Teileafón: + 238 230 00 85 / 238 516 26 52
238 991 77 84
Ríomhphost:

IMAR - INSTITUTO DO MAR
Cova de Inglesa (Edifício do Campus do Mar)
C. Postal 132 Mindelo São Vicente República de Cabo Verde
Teileafón: + 238232 13 73/74
Ríomhphost: gabinete.cd@imar.gov.cv

## FOSCRÍBHINN 4

## FOIRM IARRATAIS AR ÚDARÚ IASCAIREACHTA

COMHAONTÚ IASCAIGH CABO VERDE– AONTAS EORPACH

**I. IARRATASÓIR**

1. Ainm an iarratasóra:
2. Ainm na heagraíochta táirgeoirí nó ainm úinéir an tsoithigh:
3. Seoladh na heagraíochta táirgeoirí nó seoladh úinéir an tsoithigh:
4. Uimh. theileafóin:

   Meaisín facsála

   Ríomhphost:
5. Ainm an chaptaein:

   Náisiúntacht:

   Ríomhphost:
6. Ainm agus seoladh an ghníomhaire áitiúil:

**II. SONRAÍ AITHEANTAIS AN tSOITHIGH**

7. Ainm an tsoithigh:
8. Stát brataí:

   Calafort clárúcháin:
9. Marcáil sheachtrach:

   Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste:

   Uimh. IMO:
10. Dáta clárúcháin na brataí reatha (LL/MM/BBBB): …/…/…

    Bratach roimhe (más infheidhme):

| | | |
|---|---|---|
| 11. | Áit tógála: | Dáta (LL/MM/BBBB): …/…/… |
| 12. | Minicíocht glao raidió: HF: | VHF: |
| 13. | Uimhir teileafóin satailíte: | IRCS: |

**III. SONRAÍ TEICNIÚLA AN tSOITHIGH**

14. Fad foriomlán an tsoithigh (méadair):

    Leithead foriomlán (méadair):

Tonnáiste (arna shloinneadh in GT Londan):

15. Cineál innill:

Cumhacht an innill (in kW):

16. Líon chomhaltaí an chriú:

17. Modh leasaithe ar bord:

☐ oighear

☐ fuarú

☐ measctha

☐ reo

18. Acmhainneacht phróiseála in aghaidh an lae (24u) i dtonaí:

Líon bolg éisc:

Toilleadh iomlán na mbolg éisc (in $m^3$):

19. VMS. Mionsonraí maidir leis an ngaireas rianaithe uathoibríoch:

Monaróir:

Cineál:

Sraithuimhir:

Leagan an bhogearraí:

Oibreoir satailíte (MCSP):

**IV. GNÍOMHAÍOCHT IASCAIREACHTA**

20. Trealamh iascaireachta údaraithe:

☐ peas-saighean

☐ spiléir

☐ cleith agus dorú

21. Áit tabhairt i dtír na ngabhálacha:

22. Iarrtar an ceadúnas le haghaidh na tréimhse ón (LL/MM/BBBB) …/…/… go dtí an (LL/MM/BBBB)

Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha san iarratas seo fíor agus ceart agus go bhfuilim á tabhairt de mheon macánta.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …, an …/…/…

Síniú an iarratasóra: …

## FOSCRÍBHINN 4A

**Faisnéis atá le soláthar agus iarratas á dhéanamh ar cheadúnas faoi Phrótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Iascaigh Cabo Verde - Aontas Eorpach**

An fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an iarratasóir, úinéir an tsoithigh, aitheantas an tsoithigh, na sonraí teicniúla a ghabhann leis agus an tréimhse lena mbaineann, ní mór í a sholáthar, mura sonraítear a mhalairt.

– Ainm an iarratasóra
– Uimh. theileafóin an iarratasóra
– Ríomhphost an iarratasóra:
– Ainm úinéir an tsoithigh
– Seoladh úinéir an tsoithigh:
– Ainm an chaptaein
– Náisiúntacht an chaptaein:
– Ríomhphost an chaptaein:
– Ainm agus seoladh an ghníomhaire áitiúil
– Ainm an tsoithigh
– Stát brataí
– Calafort clárúcháin
– IRCS
– Marcáil sheachtrach
– Uimhir aitheantais na seirbhíse muirí soghluaiste
– Uimh. IMO (más infheidhme)
– Uimh. CITAC
– Dáta clárúcháin na brataí reatha
– Bratach roimhe (más infheidhme)
– Áit tógála
– Dáta tógála
– Minicíocht glao raidió
– Uimhir teileafóin satailíte
– Fad foriomlán (méadair):
– Tonnáiste (arna shloinneadh in GT Londan):
– Cineál innill
– Cumhacht an innill (in kW)
– Líon chomhaltaí an chriú

- Náisiúntachtaí chomhaltaí an chriú
- Modh leasaithe ar bord
- Acmhainneacht phróiseála in aghaidh an lae (24u) i dtonaí
- Líon bolg éisc
- Toilleadh iomlán na mbolg éisc (m3)
- VMS monaróir (roghnach).
- VMS cineál (roghnach)
- VMS sraithuimhir (roghnach).
- VMS leagan bogearraí (roghnach)
- Oibreoir satailíte (roghnach).
- Trealamh iascaireachta údaraithe:
- Áit tabhairt i dtír na ngabhálacha
- Dáta tosaigh an údaraithe arna iarraidh
- Dáta deiridh an údaraithe arna iarraidh

## FOSCRÍBHINN 5

**Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um fhaireachán soithí (VMS) agus an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta (ERS)**

Roinn 1- Forálacha coiteanna maidir le tarchur sonraí suímh na soitheach agus maidir leis na Páirtithe ag cur ERS chun feidhme; leanúnachas na n-oibríochtaí

(1) Ní mheasfar soithí an Aontais a bheith neamhchomhlíontach i gcás mainneachtain theicniúil i dtarchur sonraí suímh na soitheach nó i dtarchur sonraí gníomhaíochtaí iascaireachta ('sonraí ERS') idir na LFInna lena mbaineann.

(2) Bunóidh na Páirtithe nasc trí úsáid a bhaint as an mbogearraí 'FLUX Transportation Layer' arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach agus cuirfidh siad formáid UN/FLUX chun feidhme. Áiritheoidh Cabo Verde go mbeidh a threalamh leictreonach comhoiriúnach le córas an Aontais.

(3) Cuirfidh an dá Pháirtí timpeallacht inghlacthachta chun feidhme chun críoch tástála, sula n-úsáidfidh siad an timpeallacht táirgthe. Seolfaidh an tAontas teachtaireachtaí tástála chuig LFI Cabo Verde sa timpeallacht inghlacthachta. Nuair a bheidh na tástálacha rite, tiocfaidh an dá Pháirtí ar chomhaontú maidir leis an dáta óna seolfar sonraí suímh na soithí agus na sonraí ERS go huathoibríoch trí bhogearraí FLUX

(4) Go dtí an dáta sin, seolfar sonraí suímh shoithí an Aontais agus na sonraí ERS trí úsáid a bhaint as na formáidí agus na rialacha mionsonraithe atá i bhfeidhm cheana féin tráth theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.

(5) Malartóidh LFI an Stáit brataí agus LFI Cabo Verde a seoltaí ríomhphoist agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú ar na seoltaí sin.

(6) Cuirfidh LFI an Stáit brataí agus LFI Cabo Verde a chéile ar an eolas a luaithe is féidir faoi aon bhriseadh sa chumarsáid uathoibríoch, déanfaidh siad a ndícheall an chumarsáid uathoibríoch a athbhunú agus tabharfaidh siad fógra don Pháirtí eile go ndearnadh iad a athbhunú. Pléifidh an Comhchoiste le haon díospóid a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

(7) Má mhaireann an briseadh níos faide ná 24 uair an chloig, soláthróidh LFI an Stáit brataí na sonraí le ríomhphost idir an dá linn ag minicíocht a leagtar síos i Ranna 2 agus 3, go dtí go gcuirfear tús arís leis an gcumarsáid uathoibríoch.

(8) Ina theannta sin, déanfar sonraí a ndearna an briseadh difear dóibh a sheoladh arís trí úsáid a bhaint as na córais chumarsáide uathoibríocha a luaithe a bheidh siad ar bun arís.

(9) Áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht na sonraí agus áiritheoidh siad go háirithe go ndéanfar scagairí iomchuí a chomhtháthú ina gcórais agus a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí ionas nach gcuirfear san áireamh ach sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta Cabo Verde.

Roinn 2- Ceanglais theicniúla maidir le tarchur sonraí VMS

1. Sonraí maidir le suíomh na soithí — córas um fhaireachán soithí

Áiritheoidh LFI an Stáit brataí go ndéanfar sonraí suímh na soitheach a phróiseáil agus a tharchur go huathoibríoch trí úsáid a bhaint as an nasc láraithe arna sholáthar ag an gCoimisiún Eorpach. Ní mór sonraí suímh na soithí a chlárú ar bhealach slán agus ní mór do na Páirtithe iad a shábháil ar feadh tréimhse 3 bliana.

Is leis an gcód ‘ENT’ a shainaithneofar an chéad suíomh a chlárófar tar éis dul isteach i limistéar iascaireachta Cabo Verde. Is leis an gcód ‘POS’ a shainaithneofar gach suíomh ina dhiaidh sin, cé is moite den chéad suíomh a chlárófar tar éis limistéar iascaireachta Cabo Verde a fhágáil, suíomh a shainaithneofar leis an gcód ‘EXI’.

2. Tarchur a dhéanfaidh an soitheach i gcás ina gclisfidh ar ghaireas faireacháin an tsoithigh

Soithí atá ag iascaireacht i limistéar iascaireachta Cabo Verde a bhfuil gaireas faireacháin an tsoithigh lochtach, ní mór dóibh a dteachtaireachtaí maidir le suíomh a sheoladh chuig LFI an Stáit brataí le ríomhphost, gach 4 uair an chloig ar a laghad, agus ní mór dóibh an fhaisnéis éigeantach uile a sholáthar. Cuirfidh LFI an Stáit brataí LFI Cabo Verde ar an eolas faoin athrú sin. Déanfar na sonraí suímh a tharchur ansin ag an minicíocht sin.

Cuirfidh LFI Cabo Verde LFI an stáit brataí agus an tAontas ar aon eolas faoi aon bhriseadh ar theachtaireachtaí maidir le suíomh a fháil ó shoitheach a bhfuil údarú iascaireachta aige, i gcás nár thug an soitheach lena mbaineann fógra faoin limistéar iascaireachta a fhágáil.

I gcás ina ndéanann an mhífheidhm difear do na córais leictreonacha faoi rialú an Aontais, seolfaidh LFI an Stáit brataí gach teachtaireacht maidir le suíomh a fuarthas chuig LFI Cabo Verde gach 24 uair an chloig le ríomhphost. Féadfaidh LFI Cabo Verde an malartú sin a iarraidh ar LFI an Stáit brataí má bhaineann an mhífheidhm lena chóras agus má mhaireann an mhífheidhm níos faide ná 48 uair an chloig d’ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh chun í a réiteach.

Cuirfidh údaráis Cabo Verde a seirbhísí maoirseachta inniúla ar an eolas ionas nach bhfaighfear go ndearna soithí an Aontais sárú ós rud é nach ndearnadh sonraí suímh sa soithí a tharchur.

Struchtúr na dteachtaireachtaí lena gcuirtear sonraí suímh an tsoithigh in iúl do Cabo Verde

| Sonra | Cód | Éigeantach (É) / Roghnach (R) | Ábhar |
|---|---|---|---|
| Tús an chlárúcháin | SR | É | Mionsonra a bhaineann leis an gcóras lena gcuirtear tús an chlárúcháin in iúl |
| Seolaí | AD | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Seolaí Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166) |
| Seoltóir | FR | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Seoltóir Cód 3-alfa na tíre (ISO-3166) |
| Stát brataí | FS | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Bratach an Stáit Cód 3-alfa (ISO-3166) |
| Cineál teachtaireachta | TM | É | Mionsonra a bhaineann leis an teachtaireacht – Cineál teachtaireachta (ENT, POS, EXI, MAN) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhartha glao raidió (IRCS) | RC | É | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Comhartha idirnáisiúnta glao raidió an tsoithigh (IRCS) |
| Uimhir thagartha inmheánach don Pháirtí Chonarthach | IR | R | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Uimhir uathúil an pháirtí chonarthaigh Cód 3-alfa (ISO-3166) agus an uimhir ina dhiaidh sin |
| Aitheantóir uathúil an tsoithigh (uimhir aitheantais IMO) | IM | É | Sonra a bhaineann leis an soitheach - uimhir aitheantais IMO<br>Éigeantach má tá uimhir den sórt sin ag an soitheach |
| Uimhir chlárúcháin sheachtrach | XR | É | Mionsonra a bhaineann leis an soitheach – Uimhir ar thaobh an tsoithigh (ISO 8859.1) |
| Domhanleithead | LT | É | Mionsonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Domhanleithead an tsuímh arna sloinneadh i gcéimeanna deachúla (WGS84) +/- DD.ddd. Uimhreacha deimhneacha i gcás an leathsféir thuaidh; luachanna diúltacha i gcás an leathsféir theas. Níor cheart an comhartha (+) a tharchur. Féadfar nialais neamhthábhachtacha a fhágáil ar lár. Ní mór an luach a bheith idir -90 agus +90. |
| Domhanfhad | LG | É | Mionsonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Domhanfhad an tsuímh arna sloinneadh i gcéimeanna deachúla (WGS84) +/- DDD.ddd. Uimhreacha deimhneacha i gcás an leathsféir thuaidh; luachanna diúltacha i gcás an leathsféir theas. Níor cheart an comhartha (+) a tharchur. Féadfar nialais neamhthábhachtacha a fhágáil ar lár. Ní mór an luach a bheith idir -180 agus +180. |
| Cúrsa | CO | É | Cúrsa an tsoithigh scála 360 céim |
| Luas | SP | É | Luas an tsoithigh i ndosaenacha de mhuirmhílte san uair |
| Dáta | DA | É | Sonra maidir le suíomh an tsoithigh – Dáta chlárú an tsuímh AUL (BBBBMMLL) |
| Am | TI | É | Sonraí maidir le suíomh an tsoithigh – Am chlárú an tsuímh AUL (UUMM) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Deireadh an chlárúcháin | ER | É | Mionsonra a bhaineann leis an gcóras lena gcuirtear deireadh an chlárúcháin in iúl |

Roinn 3- Ceanglais theicniúla maidir le cur chun feidhme an chórais um chlárú gníomhaíochtaí iascaireachta maidir le sonraí ERS a sheoladh

1. Maidir le captaen soithigh iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil údarú aige a eisíodh faoin bPrótacal seo, ní mór dó an méid seo a leanas a dhéanamh i gcás ina mbeidh sé i limistéar iascaireachta Cabo Verde

(a) gach dul isteach sa limistéar iascaireachta agus imeacht uaidh a chlárú le teachtaireacht shonrach lena léirítear cainníochtaí gach speicis atá á choimeád ar bord ar dhul isteach sa limistéar iascaireachta nó imeacht uaidh, mar aon leis an dáta, an t-am agus an suíomh a ndearnadh an dul isteach nó an t-imeacht sin. Déanfar an teachtaireacht sin tráth nach déanaí ná 2 uair an chloig roimh an dul isteach nó an t-imeacht a tharchur chuig LFI Cabo Verde trí bhíthin ERS nó trí mhodhanna cumarsáide eile;

(b) suíomh an tsoithigh ag meán lae a chlárú go laethúil i gcás nach ndearnadh aon ghníomhaíocht iascaireachta;

(c) na nithe seo a leanas a chlárú i gcás gach oibríochta iascaireachta a dhéantar: suíomh na hoibríochta sin, an cineál trealaimh agus cainníochtaí de gach speiceas a ghabhtar, agus idirdhealú á dhéanamh idir gabhálacha a choimeádtar ar bord agus gabhálacha a aischuirtear. Déanfar gach speiceas a shainaithint lena chód alfa 3 FAO; déanfar na cainníochtaí a shloinneadh i gcileagraim de choibhéis bheomheáchain agus, i gcás inar gá, i líon na n-aonán;

(d) na sonraí a chláraítear sa logleabhar iascaireachta leictreonach a tharchur ar bhonn laethúil chuig a Stát brataí, tráth nach déanaí ná 24:00; déanfar an tarchur sin i gcás gach lae a chaithfear i limistéar iascaireachta Cabo Verde, lena n-áirítear in éagmais gabhála. Déanfar é freisin sula bhfágfar an limistéar iascaireachta.

2. Cuirfidh LFI an Stáit brataí na sonraí ERS ar fáil do LFI Cabo Verde. Déanfaidh LFI an Stáit brataí teachtaireachtaí meandracha de chuid an ERS (COE, COX, PNO) a tharchur go huathoibríoch agus gan mhoill chuig LFI Cabo Verde. Déanfaidh sé teachtaireachtaí eile de chuid an ERS a thagann ón soitheach a tharchur go huathoibríoch uair amháin sa lá.

3. Go dtí deireadh na gcéimeanna tástála dá bhforáiltear i Roinn 1:

- déanfar na sonraí a iompar trí DEH (mórbhealach malartaithe sonraí) i bhformáid EU-ERS (v 3.1).

- déanfar fógraí faoi thrasloingsiú le ríomhphost chuig údarás inniúil Cabo Verde

- is iad na teachtaireachtaí meandracha amháin (COE, *catch on entry* ; COX, *catch on exit* ; PNO, *prior notification*) a tharchuirfear go huathoibríoch agus gan mhoill. Cuirfear na cineálacha eile teachtaireachtaí ar fáil le haghaidh iarraidh uathoibríoch ó LFI Cabo Verde. Ó chur chun feidhme iarbhír fhormáid UN/FLUX,, ní bhainfidh an modh seachadta sin ach le hiarratais shonracha ar shonraí stairiúla.

4. Tarchuirfear na sonraí i gcomhréir leis an bhformáid agus leis na próisis a dtugtar tuairisc orthu sa doiciméad chur chun feidhme atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

5. Deimhneoidh LFI Cabo Verde go bhfuair sé na sonraí meandracha ERS a cuireadh chuige, trí theachtaireacht a sheoladh ar ais lena n-admhaítear go bhfuarthas iad agus lena ndeimhnítear bailíocht na teachtaireachta a fuarthas. Ní tharchuirfear aon admháil fála maidir leis na sonraí a fhaigheann LFI Cabo Verde mar fhreagra ar iarratas chuir sé féin isteach.

6. I gcás ina dteipeann ar an tarchur idir an soitheach agus LFI an Stáit brataí, tabharfaidh LFI an stáit brataí fógra faoi sin láithreach do chaptaen nó oibreoir an tsoithigh nó, dá n-ionadaí/n-ionadaithe. Tar éis do chaptaen an tsoithigh an fógra sin a fháil, déanfaidh sé na sonraí atá ar iarraidh a tharchur chuig údaráis inniúla an Stáit brataí trí aon mhodh teileachumarsáide iomchuí gach lá, tráth nach déanaí ná 24:00.

7. I gcás ina dteipfidh ar an gcóras leictreonach tarchurtha atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, áiritheoidh captaen nó oibreoir an tsoithigh go ndéantar an ERS a dheisiú nó a ionadú laistigh de 10 lá ón uair a bhraitear an mhífheidhm. A luaithe a bheidh an sprioc-am sin istigh, ní bheidh an soitheach údaraithe a thuilleadh iascaireacht a dhéanamh sa limistéar iascaireachta agus ní mór dó é a fhágáil nó cuairt a thabhairt ar chalafort de chuid Cabo Verde laistigh de 24 uair an chloig. Ní bheidh an soitheach údaraithe an calafort sin a fhágáil ná filleadh ar an limistéar iascaireachta go dtí go suífidh LFI a Stáit brataí go bhfuil an ERS ag feidhmiú i gceart arís.

8. I gcás ina dteipeann ar LFI Cabo Verde sonraí ERS a fháil mar gheall ar mhífheidhm na gcóras leictreonach atá faoi rialú an Aontais, seolfaidh LFI an Stáit brataí gach teachtaireacht ERS a fuarthas óna soithí le linn na mífheidhme chuig LFI Cabo Verde gach 24 uair an chloig, le ríomhphost.

9. Mura dtarchuirtear na sonraí mar gheall ar chliseadh na gcóras leictreonach atá faoi mhaoirseacht Cabo Verde, rachaidh LFI Cabo Verde i dteagmháil le LFInna na Stát brataí agus tiocfaidh na LFInna ar chomhaontú maidir leis na socruithe chun na sonraí atá in easnamh a tharchur arís. Tarchuirfidh na Stáit bhrataí na sonraí laistigh de thréimhse réasúnta ama.

10. Féadfar an nós imeachta céanna a chur i bhfeidhm arna iarraidh sin do Cabo Verde i gcás oibríocht cothabhála a mhairfidh níos mó ná 24 uair an chloig agus a dhéanfaidh difear do na córais faoi rialú an Aontais nó Cabo Verde.

11. Cuirfidh Cabo Verde a sheirbhísí faireacháin inniúla ar an eolas ionas nach measfar go bhfuil a n-oibleagáid maidir le sonraí ERS a tharchur á sárú ag soithí an Aontais.

## Foscríbhinn 6

## Próiseáil sonraí pearsanta

1. Sainmhínithe agus raon feidhme

1.1. Sainmhínithe

Chun críocha na Foscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal y den Chomhaontú um Iascach Inbhuanaithe agus ag na sainmhínithe seo a leanas:

a. ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (dá ngairtear 'ábhar sonraí' anseo feasta); is é is in-sainaitheanta ann duine nádúrtha is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh;

b. ciallaíonn 'próiseáil' aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

c. ciallaíonn 'údarás aistrithe' an t-údarás poiblí a sheolann sonraí pearsanta;

d. ciallaíonn 'údarás is faighteoir' an t-údarás poiblí dá nochtar na sonraí pearsanta;

e. ciallaíonn 'sárú i ndáil le sonraí' sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, cailleadh, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

f. ciallaíonn 'aistriú ar aghaidh' nuair a aistríonn Páirtí is faighteoir sonraí pearsanta go heintiteas nach Páirtí is sínitheoir sa Phrótacal seo é ('tríú páirtí');

g. ciallaíonn 'údarás maoirseachta' údarás poiblí neamhspleách atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, chun cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta.

1.2. Raon feidhme

Is iad na daoine a mbaineann an Prótacal seo leo, go háirithe, daoine nádúrtha ar leo soithí iascaireachta, a n-ionadaithe, an captaen agus an criú atá ag fónamh ar bord soithí iascaireachta a oibríonn faoin bPrótacal seo.

Maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo, go háirithe maidir le hiarratais ar dheonú, faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus an comhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, d'fhéadfaí na sonraí seo a leanas a mhalartú agus a phróiseáil tráth is déanaí:

— sonraí aitheantais agus teagmhála an tsoithigh;

— gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, a shuíomh agus a chuid gluaiseachtaí, a ghníomhaíocht iascaireachta nó a ghníomhaíocht a bhaineann leis an iascaireacht, arna mbailiú trí sheiceálacha, trí iniúchtaí nó ag breathnóirí;

— sonraí a bhaineann le húinéir(í) an tsoithigh nó lena (n-)ionadaí, amhail ainm, náisiúntacht, sonraí teagmhála gairmiúla agus cuntas bainc gairmiúil,

— sonraí a bhaineann leis an ngníomhaire áitiúil, amhail ainm, náisiúntacht agus sonraí teagmhála gairmiúla,

— sonraí a bhaineann leis na captaein agus le baill den chriú, amhail ainm, náisiúntacht, feidhm agus, i gcás an chaptaein, sonraí teagmhála,

— sonraí a bhaineann leis na hiascairí a thugtar ar bord, amhail ainm, sonraí teagmhála, oiliúint, deimhniú sláinte.

1.3. Údaráis atá freagrach

I gcás an Aontais agus Cabo Verde, is iad an Coimisiún Eorpach agus údarás an Bhallstáit brataí iad an t-údarás atá freagrach as na sonraí a phróiseáil.

2. Ráthaíochtaí i ndáil le cosaint sonraí pearsanta

2.1. Teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí

Na sonraí pearsanta arna n-iarraidh agus arna n-aistriú faoin bPrótacal seo, beidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, i.e. chun údaruithe iascaireachta a phróiseáil agus chun rialú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéanann soithí an Aontais. Ní dhéanfaidh na Páirtithe sonraí pearsanta a mhalartú faoin bPrótacal seo ach amháin chun na gcríoch sonrach a leagtar amach sa Phrótacal.

Ní dhéanfar na sonraí a fhaightear a phróiseáil chun críoch seachas iad siúd thuasluaite, nó sa chás sin déanfar iad a anaithnidiú.

Arna iarraidh sin, cuirfidh an t-údarás is faighteoir an t-údarás aistrithe ar an eolas gan mhoill faoi úsáid na sonraí arna seoladh.

2.2. Beachtas

Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na sonraí pearsanta arna n-aistriú faoin bPrótacal seo cruinn, cothrom le dáta agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir na faisnéise atá ag an údarás aistrithe. Má thugann ceann de na Páirtithe faoi deara go bhfuil na sonraí pearsanta arna n-aistriú nó arna bhfáil míchruinn, cuirfidh sé an Páirtí eile ar aon eolas faoi sin gan mhoill agus déanfaidh sé iad a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

2.3. Stóráil a theorannú

Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad, coimeádfar iad ar feadh bliana tar éis dhul in éag an Phrótacail seo ar a mhéad, mura rud é go bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach chun obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, iniúchadh nó imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sa chás sin, féadfar na sonraí a choimeád chomh fada agus is gá chun an obair leantach a dhéanamh maidir leis an sárú nó maidir leis an iniúchadh nó go dtí go gcuirfear clabhsúr críochnaitheach ar na himeachtaí breithiúnacha nó riaracháin.

Má dhéantar na sonraí pearsanta a choimeád ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

2.4. Slándáil agus rúndacht

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar a slándáil iomchuí, agus rioscaí sonracha a bhaineann leis an bpróiseáil á gcur san áireamh, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scriosadh nó damáiste de thaisme. Tabharfaidh na húdaráis atá i gceannas ar an bpróiseáil aghaidh ar aon sárú i ndáil le sonraí agus déanfaidh siad gach beart is gá chun aon éifeacht dhiúltach fhéideartha a bhaineann le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a leigheas agus chun na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige a mhaolú. Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir fógra faoin sárú sin don údarás aistrithe a luaithe is féidir agus cuirfidh siad an comhar tráthúil is gá ar fáil dá chéile ionas gur féidir le gach ceann de na húdaráis sin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as sárú i ndáil le sonraí pearsanta faoina gcreat dlíthiúil náisiúnta.

Geallann na Páirtithe bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo.

2.5 Ceartú nó léirscriosadh

Áiritheoidh an dá Pháirtí go ndéanfaidh an t-údarás aistrithe agus an t-údarás is faighteoir gach beart réasúnta chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh gan mhoill, de réir mar is infheidhme, i gcás nach gcomhlíonann an phróiseáil forálacha an Phrótacail seo, go háirithe toisc nach bhfuil na sonraí sin leordhóthanach, ábhartha, nó cruinn nó toisc go bhfuil siad iomarcach i ndáil le cuspóir na próiseála.

Ní mór don dá Pháirtí fógra a thabhairt dá chéile faoi aon cheartú nó léirscriosadh.

2.6. Trédhearcacht

Áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear na hábhair sonraí ar an eolas, trí bhíthin fógra aonair chomh maith leis an gcomhaontú seo a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, faoi na catagóirí sonraí a aistreofar agus a phróiseálfar a thuilleadh, an bealach a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, an uirlis ábhartha arna húsáid le haghaidh an aistrithe, cuspóir na próiseála, tríú páirtithe nó catagóirí tríú páirtithe a bhféadfar an fhaisnéis a aistriú chucu a thuilleadh, na cearta aonair agus na sásraí atá ar fáil chun a gcearta a fheidhmiú agus sásamh a fháil, chomh maith leis na sonraí teagmhála chun díospóid nó gearán a thionscnamh.

2.7. Aistriú ar aghaidh

Ní aistreoidh an t-údarás is faighteoir sonraí pearsanta arna bhfáil faoin bPrótacal seo chuig tríú páirtí atá bunaithe i dtír seachas na Ballstáit bhrataí ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin, is é sin cuspóir tábhachtach ar mhaithe le leas an phobail, a aithnítear freisin sa chreat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an údarás aistrithe, agus ina gcomhlíontar ceanglais eile na Foscríbhinne (go háirithe a mhéid a bhaineann le teorannú an chuspóra agus íoslaghdú na sonraí); agus

a. i gcás ina dtairbhíonn an tír ina bhfuil an tríú páirtí lonnaithe nó an tír ina bhfuil an eagraíocht idirnáisiúnta lonnaithe de chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 (cinneadh leordhóthanachta) lena gcumhdaítear an t-aistriú ar aghaidh; nó

b. i gcásanna sonracha, i gcás inar gá aistriú den sórt sin chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás aistrithe a oibleagáidí i leith eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh; nó

c. i gcásanna eisceachtúla agus i gcás ina meastar gur gá sin, geallann an tríú páirtí nach bpróiseálfaidh sé na sonraí ach amháin le haghaidh an chuspóra shonraigh/na gcuspóirí sonracha ar chucu a aistríodh a thuilleadh iad agus go léirscriosfaidh sé iad láithreach bonn a luaithe nach mbeidh gá a thuilleadh leis an bpróiseáil chun na críche sin.

3. Cearta na n-ábhar sonraí

3.1. Rochtain ar shonraí pearsanta

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. a dhearbhú don ábhar sonraí an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis á bpróiseáil nó nach bhfuil;

b. faisnéis a sholáthar faoi chuspóir na próiseála, na catagóirí sonraí pearsanta, an tréimhse coinneála sonraí (más féidir), an ceart chun ceartúchán/scriosadh a iarraidh, an ceart chun gearán a dhéanamh, etc.;

c. cóip de na sonraí pearsanta a sholáthar;

d. faisnéis ghinearálta a sholáthar faoi na ráthaíochtaí is infheidhme.

3.2. Sonraí pearsanta a cheartú

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ceartóidh an t-údarás is faighteoir a shonraí pearsanta atá neamhiomlán, míchruinn nó imithe i léig.

3.3. Sonraí pearsanta a scriosadh

Arna iarraidh sin d'ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad a próiseáladh ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis na ráthaíochtaí a leagtar amach sa Phrótacal seo;

b. sonraí pearsanta a bhaineann leis a scriosadh, ar sonraí iad nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na gcríoch ar chucu a próiseáladh iad go dleathach.

c. scor de phróiseáil na sonraí pearsanta má dhéanann an t-ábhar sonraí agóid ina haghaidh ar chúiseanna a bhaineann lena chás féin, murab ann d'fhoras sáraitheach maidir leis an bpróiseáil a bhfuil sáraíocht aige ar leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí.

3.4. Rialacha mionsonracha

Tabharfaidh an t-údarás is faighteoir freagra, laistigh de thréimhse réasúnta agus in am trátha, agus i ngach cás, laistigh de mhí amháin tar éis an iarratais, ar iarratas ó ábhar sonraí a bhaineann le rochtain ar a shonraí pearsanta, iad a cheartú agus a léirscriosadh. Féadfaidh an t-údarás is faighteoir bearta iomchuí a dhéanamh, amhail táillí réasúnta a thobhach chun costais riaracháin a chumhdach nó diúltú d'iarratas ar follasach go bhfuil sé gan bhunús nó iomarcach.

I gcás freagra diúltach ar iarratas ón ábhar sonraí, ní mór don údarás is faighteoir é a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an diúltú sin.

3.5. Teorannú

Féadfar na cearta thuas a theorannú má dhéantar foráil maidir le teorannú den sórt sin sa dlí agus má tá sé riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh.

Féadfar na cearta sin a theorannú freisin chun feidhm faireacháin, chigireachta nó rialála a choimirciú, ar feidhme é a bhaineann, fiú go hócáideach, le feidhmiú údaráis oifigiúil.

Faoi na coinníollacha céanna, féadfar iad a theorannú freisin chun an t-ábhar sonraí a chosaint nó ar mhaithe le cearta agus saoirsí daoine eile.

4. Leigheas agus faireachán neamhspleách

4.1 Faireachán neamhspleách

Déanfaidh comhlacht seachtrach nó inmheánach a dhéanann faireachán neamhspleách agus ag a bhfuil cumhachtaí imscrúdaitheacha agus leighis faireachán neamhspleách ar chomhlíontacht na próiseála sonraí pearsanta leis an bPrótacal seo.

4.2 Údaráis mhaoirseachta

I gcás an Aontais, is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a dhéanfaidh an faireachán sin, i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Choimisiúin nó is iad údaráis mhaoirseachta náisiúnta an Aontais um chosaint sonraí a dhéanfaidh iad i gcás ina dtagann an phróiseáil faoi inniúlacht an Bhallstáit brataí.

I gcás Cabo Verde, is é CNDP atá freagrach as sin.

Maidir le gearáin ó ábhair sonraí i dtaca le próiseáil a sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo, déanfaidh na húdaráis thuasluaite iad a phróiseáil agus a réiteach ar bhealach éifeachtach tráthúil.

4.3 An ceart chun leighis

Áiritheoidh gach Páirtí, ina dhlíchóras, go bhféadfaidh ábhar sonraí a mheasann nár chomhlíon údarás na coimircí a leagtar amach in Airteagal 12 agus san Fhoscríbhinn seo, nó a mheasann gur ndearnadh sárú i dtaobh a shonraí pearsanta, cúiteamh a lorg ón údarás sin a mhéid a cheadaítear leis na forálacha dlí is infheidhme os comhair cúirte nó comhlacht coibhéiseach.

Go sonrach, féadfar aon ghearán in aghaidh ceachtar den dá údarás a chur faoi bhráid MECS, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus faoi bhráid CNDP, i gcás Cabo Verde. Ina theannta sin, féadfar gearáin áirithe ina aghaidh ceachtar den dá údarás a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcás an Choimisiúin Eorpaigh, agus os comhair chúirteanna Cabo Verde i gcás Cabo Verde.

I gcás ina gcuirfidh ábhar sonraí díospóid nó gearán isteach i ndáil le próiseáil a shonraí pearsanta in aghaidh an údaráis aistrithe, in aghaidh an údaráis is faighteoir nó in aghaidh an dá údarás araon, cuirfidh na húdaráis a chéile ar an eolas faoi na díospóidí nó na gearáin sin

agus déanfaidh siad gach iarracht an díospóid nó an gearán a réiteach go cairdiúil a luaithe is féidir.

4.5 Nochtadh

Coinneoidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon ghearán a gheobhaidh siad maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin bPrótacal seo agus maidir lena réiteach.

5. Athbhreithniú

Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi athruithe ar a reachtaíocht a dhéanann difear do phróiseáil sonraí pearsanta. Déanfaidh gach Páirtí athbhreithnithe tréimhsiúla ar a bheartais agus nósanna imeachta féin lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12 agus an Fhoscríbhinn seo agus ar a n-éifeachtacht agus, arna iarraidh réasúnta sin do Pháirtí amháin, déanfaidh an Páirtí eile athbhreithniú ar a bheartais agus nósanna imeachta maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun a fhíorú agus a dheimhniú go bhfuil na coimircí dá bhforáiltear in Airteagal 12 agus san Fhoscríbhinn seo á gcur chun feidhme go héifeachtach. Cuirfear torthaí an athbhreithnithe in iúl don Pháirtí iarrthach.

Más gá, tiocfaidh siad ar chomhaontú sa Chomhchoiste maidir leis na leasuithe is gá a dhéanamh ar an Iarscríbhinn seo.

6. An t-aistriú a chur ar fionraí

Féadfaidh an Páirtí aistrithe aistriú sonraí pearsanta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás nach n-éiríonn leis na Páirtithe díospóidí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta a réiteach go cairdiúil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo go dtí go measfaidh sé go bhfuil an t-ábhar réitithe go sásúil ag an bPáirtí is faighteoir. Leanfar de shonraí a aistríodh cheana a phróiseáil i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn seo.